



Tuarascáil Bhliantúil 2024



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council





Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council


Clár na nÁbhar

Brollach	4
Comhaltaí Tofa	6
Cáin Mhaoine Áitiúil.....	8
Tithíocht & Athghiniúint.....	50
Iompar, Soghluaisteacht & Spásanna Oscailte.....	76
Aeráid, Pobal, Comhshaol & Uisce	12
Cúrsaí Corparáideacha, Daoine & Seirbhísí Cultúrtha	30
Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála.....	62
Imeascadh.....	58
Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht & Rialachas	84
Aguisíní	94
1 Scéim um Choiste Beartais Straitéisigh 2019 – 2024.....	96
2 Coistí na Comhairle 2024.....	106
3 Ballraíocht Comhlachtaí Seachtracha 2024.....	107
4 Comhdhálacha ar Freastalaíodh Orthu in 2024.....	108
5 Oiliúint ar Freastalaíodh Uirthi in 2024.....	108
6 Freastal Comhairleoirí ar Chruinnithe 2024	109
7 Speansais Comhairleoirí 2024.....	111
8 Tuarascáil ar Dhul chun Cinn Corparáideach 2024 – (Plean Corparáideach 2019-24 & Plean Bliantúil um Sheachadadh Seirbhísí 2024).....	113
9 Comhairle Contae Chill Dara – Dliteanas Cánach Carbóin Aerthaistil 2024.....	131
10 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	133
11 Ráiteas Rialachais.....	137
12 Táscairí Feidhmíochta 2024.....	139

Réamhrá

Íomhá Coillte De Burgh

Ár bhFís agus Ráiteas Misin



Ár bhFís

Cill Dara – Maireachtáil; fás; ceannaireacht

Ag obair as lámha a chéile ar mhaithe le contae atá ionchuimsitheach agus inbhuanaithe.



Ár Ráiteas Misin

Comhairle Contae Chill Dara

Todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú agus caighdeán beatha na saoránach uile a fheabhsú ag an am céanna. Bonneagar cumasúcháin agus seirbhísí éifeachtacha inrochtana a sholáthar agus tabhairt faoinár bhfís trí chomhoibriú, nuálaíocht, cuimsiú agus rannpháirtíocht phobail.

Comhréamhrá

Sonya Kavanagh, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara & An Comhairleoir Kevin Duffy, Cathaoirleach Chontae Cill Dara

Le Tuarascáil Bhliantúil 2024, tugtar deis iontach dúinn féachaint siar ar éachtaí agus ar an dul chun cinn a rinne Comhairle Contae Chill Dara i gcaitheamh na bliana. Baineadh amach éachtaí suntasacha ar fud ár gcuid stiúrthóireachtaí go léir i mbliana, rud a léiríonn ár ngealltanas chun caighdeán beatha shaoránaigh Chill Dara a fheabhsú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Comhairle Contae Chill Dara in go leor réimsí amhail gníomhú ar son na haeráide agus forbairt phobail.

Tá Comhairle Contae Chill Dara go hiomlán tiomanta don ghníomhú ar son na haeráide agus muid ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla, agus ag glacadh ról maidir le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna na hAeráide. Faoin gClár um Ghníomhú Pobal ar son na hAeráide, d'fhaomh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide 24 thionscadal agus tá cuid mhór acu tugtha chun críche cheana féin. Trí phainéil PV gréine ard-éifeachtúlachta a shuiteáil i bhfoirgneamh an Mhuilinn Chadáis agus píolótú a dhéanamh ar Hyundai Kona EV a bhí le húsáid ag an bhfoireann, cuireadh le laghduithe suntasacha um astaíochtaí carbóin. Ina theannta sin, leis an imeacht HackTheClimate 2024, taispeánadh réitigh nuálacha ar shaincheisteanna práinneacha aeráide.

Feidhmíonn ár gcuid ionad pobail go fóill mar mhoil ríthábhachtacha do ghrúpaí áitiúla. I mbliana, d'osclaíomar ionad nua i gCill Choca agus leanamar orainn ag seachadadh spásanna pobail trí ionaid nua a cheannach agus a athchóiriú i Ráth Iomhgháin, i gCairbre, i gClaonadh agus i bhFíodh Alúine.

Trí mheán na Féile Bríde 1500, rinneadh ceiliúradh ar oidhreacht Bhríde, tugadh ról do phobail agus baineadh amach spriocphobal domhanda. Chuimsigh an fhéile imeachtaí éagsúla, lena áiríodh athléirithe stairiúla, léirithe cultúrtha agus ceardlanna oideachasúla. Thaispeáin ealaíontóirí agus léiritheoirí áitiúla a gcuid buanna, agus bhí go leor deiseanna

ag baill den phobal le páirt a ghlacadh sna ceiliúrthaí.

Osclaíodh Páirc Bhaile Chairdif go bog i mí Dheireadh Fómhair, agus cloch mhíle shuntasach a bhí ansin maidir le spásanna poiblí bríomhara agus inbhuanaithe a bheith á gcruthú ag ár bpobail. Rinneadh bunathrú ar Pháirc Bhaile Chairdif ó iar-láithreán líonta talún go páirc ilúsáide 30 – heicteár, lena n-áirítear 2 fhaiche spóirt iomlán uile-aimsire, clós súgartha, go leor slite agus conairí siúil, spásanna glasa oscailte móra, carrchlóis do chuairteoirí agus suíocháin aoisbhácha. Leis seo uile, léirítear ár dtiomantas don inbhuanaitheacht chomhshaoil agus don fhorbairt pobail.

In 2024, phróiseáil Comhairle Contae Chill Dara breis is 26,000 toghthóir agus bhainistigh siad imeachtaí toghcháin iolracha, lena áiríodh na Toghcháin Áitiúla le 90 iarrthóir. Ina theannta sin, tá tairiscintí ár Seirbhíse Leabharlainne méadaithe, lena n-áirítear Leabharlann & Ionad Cultúrtha an Náis a osclaíodh agus Leabharlann Siolta Chill Dara a seoladh. Thacaigh ár Seirbhís Ealaíon le hiliomad tionscadal pobail, lena áiríodh an tionscadal comhoibritheach Amhráin Bhríde agus imeachtaí Oíche Chultúir.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir leis an ríocht phoiblí a fheabhsú ar fud Chill Dara. Bhí ról ríthábhachtach ag ár rannóg Tionscadal Straitéiseach agus Ríochta Poiblí i dtaca le pleananna baile agus sráidbhaile a fhoilsiú, próisis reachtúla a thabhairt chun críche, agus maoiniú a fháil do thionscadail éagsúla. Trí mheán na dtionscnamh sin, díriodh ar chaighdeán beatha cónaitheoirí a fheabhsú agus spásanna poiblí bríomhara, inrochtana agus inbhuanaithe a chruthú.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir le tithíocht a sheachadadh ar fud an chontae. Rinneamar aonaid tógála díri a sheachadadh in Ard Sceach, Coill Dubh, agus i Blackridge, Áth Garbháin, agus bhí 101 aonad idir lámha ag deireadh na bliana. Freisin rinneamar

422 teach nua agus dara láimhe a sheachadadh, leithdháil muid tithe ar 670 iarratasóir tithíochta, agus d'fhaomh muid 21 iasacht tí. Mar thoradh ar ár n-iarrachtaí leis an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024, rinneadh 95 theach a sheachadadh, agus leis sin, sáraíodh an sprioc de 89 dteach.

Is amhlaidh a thacaigh an maoiniú ón gCáin Mhaoine Áitiúil leis na céadta tionscadal pobail, le tionscnaimh chomhshaoil, le cothabháil an chontae agus le cláir chultúrtha. Chuir an maoiniú sin go mór le caighdeán beatha agus le bonneagar mhuintir Chill Dara.

Agus muid ag obair i dteannta a chéile, tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir leis na seirbhísí agus na háiseanna atá ar fáil do mhuintir Chill Dara a fheabhsú. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh lenár gcuid oibre sa bhliain atá romhainn, le cur leis na héachtaí úd agus le díriú ar éachtaí níos mó fós a bhaint amach.



Sonya Kavanagh
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Chill Dara




Councillor Kevin Duffy
Cathaoirleach
Chontae Cill Dara

Comhaltaí Tofa Reatha

Ceantar Bardasach Chlaonadh Mhá Nuad		
An Clr Tim Durkan	FG	
An Clr Angela Feeney	PLO	
An Clr Daragh Fitzpatrick	FF	
An Clr Peter Hamilton	CG	*Go dtí mí an Mheithimh 2024
An Clr Pádraig McEvoy	Neamhpháirtí	
An Clr Paul Ward	FF	
An Clr Naoise Ó Cearúil	FF	*Go dtí mí na Samhna 2024
An Clr Brendan Weld	FG	
An Clr Brendan Wyse	FG	
An Clr Peter Melrose	DS	
An Clr Paula Mulroe	DS	*Comhthoghadh i mí na Nollag 2024
An Clr Donna Phelan	FF	*Comhthoghadh i mí na Nollag 2024
An Clr Aidan Farrelly	DS	*Go dtí mí na Samhna 2024

Ceantar Bardasach Chill Dara – a Droichid Nua		
An Clr Anne Connolly	FF	
An Clr Shónagh Ní Raghallaigh	SF	*Ó mhí an Mheithimh 2024 *Go dtí mí na Samhna 2024
An Clr Noel Connolly	SF	*Go dtí mí an Mheithimh 2024 *Comhthofa i mí na Nollag 2024
An Clr Suzanne Doyle	FF	
An Clr Kevin Duffy	FG	
An Clr Noel Heavey	FF	
An Clr Peggy O’Dwyer	FG	
An Clr Tracey O’Dwyer	FG	
An Clr Chris Pender	DS	
An Clr Robert Power	FF	
An Clr Pat Balfe	DS	
An Clr Tom Mc Donnell	Neamhpháirtí	*Toghadh i mí an Mheithimh 2024
An Clr Fiona McLoughlin Healy	Neamhpháirtí	*Go dtí mí an Mheithimh 2024
An Clr Paddy Curran	FG	*Go dtí mí an Mheithimh 2024



Ceantar Bardasach Chill Droichid Léim an Each		
An Clr Bernard Caldwell	FF	
An Clr Nuala Killeen	DS	
An Clr Lumi Panaite Fahey	FG	*Tofa i mí an Mheithimh 2024
An Clr David Trost	FF	*Tofa i mí an Mheithimh 2024
An Clr Claire O’Rourke	DS	*Tofa i mí an Mheithimh 2024
An Clr Rupert Heather	PLO	*Comhthofa i mí Eanáir 2024
An Clr Michael Coleman	FF	*Go dtí mí an Mheithimh 2024
An Clr Íde Cussen	Neamhpháirtí	*Go dtí mí an Mheithimh 2024
An Clr Ciara Galvin	PLO	*Go dtí mí an Mheithimh 2024
An Clr Vanessa Liston	Neamhpháirtí	*Go dtí mí an Mheithimh 2024
An Clr Joe Neville	FG	*Go dtí mí na Samhna 2024
An Clr Paul Brooks	FG	*Comhthofa i mí an Mheithimh 2024

Ceantar Bardasach an Náis		
An Clr Anne Breen	PLO	
An Clr Fintan Brett	FG	
An Clr Bill Clear	Neamhpháirtí	
An Clr Carmel Kelly	FF	
An Clr Seamie Moore	Neamhpháirtí	
An Clr Evie Sammon	FG	
An Clr Ger Dunne	ÉN (II)	*Toghadh i mí an Mheithimh 2024
An Clr Bob Quinn	CG	*Go dtí mí an Mheithimh 2024

Ceantar Bardasach Bhaile Átha Í		
An Clr Veralouise Behan		FF
An Clr Aoife Breslin		PLO
An Clr Brian Dooley		FF
An Clr Ivan Keatley		FG
An Clr Mark Leigh		PLO



Brollach

Cáin Mhaoine Áitiúil

Forbhreathnú ar 2024:

Leithdháileadh maoiniú breis is €5.6m ón gCáin Mhaoine Áitiúil in 2024 do na cúig Cheantar Bhardasacha i gContae Chill Dara, agus chuir sé seo le forbairt agus seachadadh na gcéadta tionscadal pobail, tionscnamh comhshaoil, cothabháil contae chomh maith le cláir chruthaitheacha agus chultúrtha.

Is éard atá sa Cháin Mhaoine Áitiúil cáin bhliantúil ar fhoirgnimh chónaitheacha, atá bunaithe ar a luach margaidh agus cuireann leithdháileadh an mhaoinithe sin ar bhonn bliantúil ag Comhairle Contae Chill Dara le caighdeán bheatha agus bonneagar mhuintir Chill Dara i gcúig Cheantar Bhardasacha an chontae.

*An Iothlainn Aisteach,
Léim an Bhradáin*



Íomhá ar barr. Coillte De Burgh, An Nás

Leis an gCáin Mhaoine Áitiúil in 2024, tugadh tacaíocht shuntasach dóibh seo a leanas:

Tacú le Pobail

- Féile Bríd 1500
- An Ciste Nuálaíochta Pobail
- Tionscnaimh Óige & Pobail
- Soilse na Nollag
- Both Sláinte & Folláine
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Deontas Éadan Siopaí
- Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara
- An Clár Heads Up
- Deontais do Chumainn Chónaitheora Pobail
- Féilte Phádraig
- Tailte, Páirceanna Taitneamhachta
- Páirc Bhaile Chairdíf
- An Iothlann Aisteach, Cill Droichid
- Féasta Sráide (Street Fest)
- Imeachtaí Oíche Shamhna
- An Tascfhórsa Drugaí & Alcóil

Ár dTimpeallacht a Chosaint

- Maoiniú do Bhailte Slachtmhara
- An Ciste Nuálaíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Bearta chun Glíofasáit a laghdú
- Crainn a Chur
- Bearradh Crann
- Staidéir Indéantachta ar Ghlasbhealaí & Bhealaí Oidhreachta
- Sráideanna Ciúine, Taisteal Gníomhach
- Gairdíní Bithéagsúlachta



Cothabháil Contae

- Uasghrádú ar agus Deisiú Cosán
- Cothabháil ar Bhóithre Áitiúla
- Soilse Poiblí
- Tionscnaimh Ríochta Poiblí
- Eastáit a Thógáil i gCúram
- Cothabháil ar Reiligí
- Tacú leis an gCultúr agus leis na hEalaíona
- Féile Bríd 1500
- Féile Manley Hopkins
- Deich mBliana na gCuimhneachán
- Féile Drámaíochta
- Féile Dearbaí
- Giniúint Ceoil (Music Generation)
- Preabscoileanna, Leabharlann Síolta
- Féile an Mheithimh (June Fest)
- Tionscadail Oidhreachta
- Tionscadail Teanga Choiste Gaeilge



Lámhchleasaí, Lá Súgartha Náisiúnta in Áras Chill Dara




Seó Puipéad, An Lá Súgartha Náisiúnta in Áras Chill Dara

Local Property Tax


€2.02m

Uasghrádú
agus Deisiú
Cosán



€60,000

Soilse
Poiblí




€169,500

Bailte
Slachtmhara



€643,100

Páirceanna & Caitheamh
Aimsire, Cur/Prúnáil Crann,
Laghú Glíofasáite



€2.08m

Deontais
Phobail, Féilte,
Bríd 1500,
Soilse Nollag,
Cumainn
Chónaitheora



€494,500

Leabharlann, Tionscadal Caipitil
Leabharlainne & na hEalaíona



Brigid 1500



Bailte Slachtmhara an Náis ag Bronnadh Dhámhachtain 2024 an IBAL

*Boscaí fuinneoige, Leabharlann agus
Ionad Cultúrtha an Náis, agus uisce
curtha ar fáil ag córas um bailiú báistí*



Aeráid, Pobal, Comhshaol & Uisce

Íomhá: De Burghs Woodlands





**Aeráid, Pobal, Comhshaol
& Uisce**

Páirc Bhaile Chaidif

Aeráid

Aeráid:

In 2024, lean an Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chill Dara de bheith ag tabhairt aghaidh ar athrú aeráide agus d’oibrigh sí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Leagadh béim ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chill Dara (2024-2029). Sa phlean nuaghlactha seo, leagtar amach straitéis chuimsitheach chun cabhrú le Cill Dara an sprioc náisiúnta a bhaint amach mar atá astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de 51% faoi 2030.

Forbhreathnú ar 2024:

An Clár Gníomhaithe ar son na hAeráide

In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gClár Gníomhaithe ar son na hAeráide. D’fhaomh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) fiche ceathair tionscadal don deontas faoin gCiste um Ghníomhú Pobal ar son na hAeráide. Tugtar 18 mí do dheontaithe lena gcuid tionscadal a thabhairt chun críche, agus ó tugadh na deontais chun críche i mí Mheán Fómhair 2024, tá ceithre thionscadal críochnaithe cheana féin.

Rinneadh an chéad fhorchúiteamh ón RACC ag tús mhí na Nollag 2024, agus é ag clúdach nach mór €200,000 den leithdháileadh iomlán de €897,000.

Picnic sa Pháirc

Ar an 16 Meitheamh, 2024, d'óstáil Páirc Harbour i Maigh Nuad lá teaghlaigh rathúil eile agus téama na haeráide agus na hinbhuanaitheachta ag gabháil leis an lá.



An Clár Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tugadh an Clár sin isteach in 2024, le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, a thacaíonn le pobail tuaithe agus uirbeacha, idir phobail bheaga agus mhóra, le gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil.

Suiteáil Eagar PV


I mí na Nollag 2024, choimisiúnaigh foirgneamh an Mhuileann Cadáis de chuid Chomhairle Contae Chill Dara 208 painéal PV gréine ard-éifeachtúlachta



'Go Car' Chomhairle Contae Chill Dara

In 2024, baineadh triail as Hyundai Kona EV a d'úsáid roinnt ball foirne Chomhairle Contae Chill Dara. Chláraigh ochtó seacht mball foirne mar úsáideoirí, agus rinne an gluaisteán na 12,303km a taistealaíodh a thaifeadadh, agus sin meán míosúil de thart ar 1,025 km.

Mar thoradh ar an bhfad 12,303 km a taistealaíodh leis an Kona EV, eisíodh 1.2 tona d'astaíochtaí carbóin, i gcomparáid le 2.9 tona a bheadh eisithe ag Kona peitрил agus 4.3 tona ag Kona díosail. Maoiníodh an fheithicil go himmheánach, ach de réir na n-uaireanta a bhí sí curtha in áirithe, chosnódh sí €12,900.73, lena n-áirítear CBL le haghaidh na bliana nó €1,075.06 in aghaidh na míosa.



HACKTHECLIMATE 2024

Reáchtáladh an imeacht seo i mí Feabhra 2024, agus é mar aidhm leis teacht ar nuálaíocht cheilte, ar smaointe nua agus ar réitigh shimplí ar na saincheistanna aeráide is práinní.



Picnic sa Pháirc




D'fhreastail

+3000

ar an imeacht

Eagar PV Gréine don fhoirgneamh Mhuileann Cadáis



Coigiltis fuinnimh mheasta in aghaidh na bliana de

90,000

Cileavatuair



Coigiltis mheasta astaíochtaí CO₂

33 ton

de choibhéis Dhé-ocsaíd Charbóin in aghaidh na bliana



Maoiniú deontais **50%** don tionscadal trí chlár 'pathfinder' de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann



Costas caipitil thart ar

€100,000

le coigiltis tuartha de thart ar €22,000 in aghaidh na bliana ar bhilí fuinnimh le haghaidh ÁRAS Chill Dara

An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 – 2029



Tá **155**

gníomh ann, a bhfuil

4

díobh tugtha chun críche, agus

75

díobh idir lámha



**Aeráid, Pobal, Comhshaol
& Uisce**

Ionad Pobail Chill Choca

Pobal

Pobal:

Forbraíonn agus stiúirann an Rannóg Pobail tionscnaimh atá dírithe ar cheannaireacht chathartha a chur ar fáil, cuireann sí deiseanna um rannpháirtíocht phobail ar fáil agus tacaíonn sí le ceannaireacht phobail. Cuimsítear inár bhfoireann phobail, tacaíocht ó agus comhordú ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chill Dara a fhéachann le córais straitéiseacha chomhtháite a sholáthar don fhorbairt áitiúil agus phobail. Ón uair a glacadh leis an bPlean Áitiúil Eachnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2024-2029, leagadh amach go hoifigiúil tosaíochtaí um fhorbairt pobail agus eachnamaíoch don todhchaí, agus cinntítear go leantar ar aghaidh ag cur béime ar ionchuimsiú sóisialta, ar shláinte agus fholláine i gContae Chill Dara.



Teach Cruinnithe Béal Átha an Tuair

Forbhreathnú ar 2024:

Ionaid Phobail

Lean Comhairle Contae Chill Dara de bheith ag déanamh cothabhála agus maoirseachta ar os cionn 20 ionad pobail sa chontae, chun cinntiú go n-úsáidfí iad mar spásanna poiblí le haghaidh grúpaí pobail. Freisin leanamar orainn ag soláthar spásanna pobail le ceannach agus ag athchóiriú ionad pobail nua i Ráth Iomhgháin, i gCairbre, i gClonadh agus i bhFíodh Alúine. (tag. íomhá 1) (tag. íomhá. 2)

I mí na Bealtaine 2024, cheiliúramar oscailt oifigiúil an Ionaid Phobail nua i gCill Choca, agus é ina chloch mhíle thábhachtach ó thaobh mothú láidir pobail a chothú. Cuimsítear san ionad halla caithimh aimsire ilchuspóra ina bhfuil áiseanna feistis, dhá sheomra ilchuspóra agus seomra teilgeora. Is í an fhís atá i gceist leis an ionad ná mol lárnach a chur ar fáil chun freastal ar an gceantar áitiúil, ar chónaitheoirí, ar eagraíochtaí spóirt, ar chlubanna, scoileanna agus ghrúpaí pobail. (tag. íomhá 3) (tag. íomhá 4)

*Íomhá ar barr: Ionad Pobail Chill Choca –
Radharc aerach*

Bríd 1500

Chuir Comhairle Contae Chill Dara clár éagsúil imeachtaí ar fáil le haghaidh Brigid 1500, chun ceiliúradh a dhéanamh ar Naomh Bríde, Bean, Saol agus Oidhreacht. Chuimsigh an clár 10-lá féilte, ceolchoirmeacha, cainteanna, coimisiúin ealaíne, soilse, agus ceardlanna, chun spéis pobal a chothú sna gnéithe iomaí d'oidhreacht Naomh Bríde. Trí mheán na n-imeachtaí, taispeánadh láithreáin stairiúla Chill Dara, agus sroicheadh spriocphobal domhanda de thoradh chlúdach sna meáin agus ar líne. Ina theannta sin, soláthraíodh clár oideachais do scoilanna dar teideal 'The Life and Times of St. Brigid - Beatha Naomh Bríde'.



Ciste Aitheantais Pobail

Leithdháileadh maoiniú de €830,007 ar Chomhairle Contae Chill Dara faoi Chiste Aitheantais Pobail 2024. Leis an gciste sin rinneadh soláthar d'fheabhsúcháin mhóra ar fud an chontae a roinn a gcuid áiseanna agus bonneagair leo siúd a easáitíodh ón Úcráin agus ó thíortha eile.

Scéimeanna Deontais

Tugtar tacaíocht d'eagraíochtaí pobail ar fud an chontae le scéimeanna éagsúla deontas, a théann i méid gach bliain. In 2024, chuir Comhairle Contae Chill Dara 1,042 deontas ar fáil agus sholáthair sí maoiniú de €2,412,938. Tá Comhairle Contae Chill Dara geallta chun tacú le pobail chun tionscadail a aithint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm leis an gcaighdeán beatha a fheabhsú sa chontae.

An Clár um Chuimsiú Sóisialta & Ghníomhachtú Pobail (SICAP)

Bhí an Clár Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta SICAP, a chuireann Comhpháirtíocht LEADER Chill Dara i bhfeidhm agus a ndéanann CFPÁ maoirseacht air, ag obair le 75 ghrúpa pobail agus 913 duine aonair in 2024, agus sáraíodh na spriocanna. B'ionann buiséad iomlán an SICAP le haghaidh 2024 agus €1,693,183. Oibríonn SICAP leis na pobail agus na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste i gContae Chill Dara trí shraith de ghníomhartha spriocdhírthe comhaontaithe.



CFPÁ:

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2024-2029

I mí Aibreáin 2024 ghlac Comhairle Contae Chill Dara leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2024-2029, agus aontaíodh ar an bPlean Chur i bhfeidhm 2024-2026 a ghabhann leis i mí Iúil. Sa PÁEP leagtar amach tosaíochtaí um fhorbairt phobail agus eacnamaíoch, le ceithre sprioc ardleibhéil, sraith cuspóirí agus gníomhartha tosaíochta.



SICAP-Ócáid chun aithne a chur ar do Phobal

Clár LEADER um Fhorbairt Tuaithe

In 2024 cuireadh tús leis an dara clár LEADER i gCill Dara, faoi mhairseacht CFPÁ Chill Dara agus é curtha i bhfeidhm ag Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara. Tugadh faomhadh do thrí thionscadal, dhá thionscadal a bhain le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post, agus an ceann eile ag baint le bonneagar tuaithe agus cuimsiú sóisialta ar luach iomlán €256,048. In 2024, leanadh ar aghaidh leis na héilimh le haghaidh 2014-2022 agus 23 héileamh íoctha ar luach iomlán €909,292.

Tionscadal 'LEADER' – Uachtarlann 'Graze'.

Sláintecare (Baile Átha Í)

Lean an tOifigeach Forbartha Áitiúla um Shláintecare atá maoinithe ag an Roinn Sláinte ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn leis an bplean comhaontaithe in 2024, agus iad ag obair le príomhpháirtithe leasmhara. I measc na bhforbairtí nua bhí pleanáil i gcomhair Bhoth Sláinte agus Folláine i mBaile Átha Í agus €75,000 a fháil le haghaidh tionscnamh atá dírithe ar Chleachtas Bunaithe ar Thráma, Neamhshlándáil Bhia agus Cruathú Áiteanna Dearfach. Fuair Sláintecare €142,000 trí chistiú Cuntas Díomhaoin chun oideachas do thaistealaithe agus forbairt fear a chur chun cinn. Bhí sé sin i measc díreach cúig thionscadal a maoiníodh ar fud na tíre. Freisin le tionscnaimh phiolótacha a tosaíodh trí Shláintecare cabhraíodh le €100,000 a fháil trí Mhaoiniú náisiúnta Bochtaineacht Leanaí chun tacú le leanaí néara-éagsúla agus lena dteaghlaigh. Bhí sé sin i measc ceithre thionscadail rathúil a maoiníodh go náisiúnta.



Éire Shláintiúil

Seoladh Éire Shláintiúil Babhta 4 i gCill Dara in 2023 agus leanadh ar aghaidh leis in 2024, agus cláir curtha i bhfeidhm faoi na téamaí tosaíochta mar a bhí gníomhaíocht fhisiceach agus meabhairshláinte.

Maoiniú um Fheabhsú Áitiúil 2024

I 2024, dámhadh €163,842.45 do 54 ghrúpa pobail chun tacú le costais chaipitil, i dteannta le €37,030.02 ar 14 Sheid Mná tríd an CFPÁ ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Áitiúla.

Clár um Chumhachtú Pobal i mBaile Átha Í

Bhí Baile Átha Í mar cheantar sprice fós don 'Chlár um Chumhachtú Pobal' (CCP) le leithdháileadh maoinithe de €140,000, a chuir Comhpháirtíocht LEADER Chontae Cill Dara i bhfeidhm.

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Is é aidhm Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiceach a mhéadú trí chláir ardchaighdeán, chomh maith le deiseanna oideachais agus oiliúna. In 2024, phléigh Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara le breis is 27,000 duine trí mheán clár éagsúil.

Sláintecare Baile Átha Í – Oiliúint ar Neurdhaonraíocht agus Cuimsiú



Sláintecare Baile Átha Í – Ocaid Idirghníomhaireachtaí do Theaghlaigh

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Dara (LRP)

Tacaíonn Comhairle Contae Chill Dara fós le LRP Chill Dara, chun ligean do phobail ról níos mó a bheith acu san Údarás Áitiúil agus a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le hábhair agus beartaí ar spéis leo iad.



Aoisbhách – Seó Bóthair Baile Átha Í



Oiliúint ar an mBunreacht, Pobalbhainistiú Chill Dara

Forbairt Pobail

Lean an fhoireann forbartha pobail ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus béim faoi leith curtha ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Fuarthas maoiniú ón Roinn Sláinte chun bochtaineacht mhíostraithe a laghdú, trí tháirgí míostraithe saor in aisce a cheadú in ionaid phobail agus in ionaid scíthe.

Ainmníodh trí ghrúpa agus tugadh tacaíocht dóibh chun dul san iomaíocht um Mórtas Áite Náisiúnta agus is ábhar bróid dúinn é go raibh buaiteoir againn agus an chéad áit bainte amach ag Teach Srafáin sa chatagóir ‘ceantar ina bhfuil daonra idir 1000-2000’ agus an dara háit bainte amach ag Eastát Tithíochta Castlefen sa chatagóir ‘Comharsanachtaí Uirbeacha agus Eastáit Tithíochta’.

Leanadh ar aghaidh leis an gcomórtas Mórtas Áite in 2024 agus aithníodh iarrachtaí ag cónaitheoirí údarais áitiúil agus cumainn chónaitheora chun a gcuid pobal a fhorbairt, gairdíní aonair agus spásanna oscailte poiblí a chothabháil.



Clár Aoisbhách Chill Dara

Bhí Clár Aoisbhách Chill Dara ina bhuaiteoir náisiúnta ag na Dámhachtainí um Aitheantas agus Éachtaí Aoisbhá agus an Baile Mór ainmnithe mar Shráidbhaile Aoisbhách agus Aeráid-Bhách.

Reáchtáladh dhá Sheó Bóthair Aoisbhách in 2024, ceann amháin i gCill Dara Thuaidh agus an ceann eile i gCill Dara Theas, agus bhí os cionn 300 i láthair acu.

Seoladh Eastát Tithíochta Chaisleán an Eanaigh mar an gcéad eastát tithíochta aoisbhách in Éirinn.

Seoladh Ráschúrsa an Náis mar an gcéad ráschúrsa aoisbhách in Éirinn.



Gradam Gnó Rialtais Áitiúil



Buaiteoirí Aoisbhách



Cruinniú Iomlánach an Phobalbhairnístíú



Seoladh Ráschúrsa an Náis

Nascadh

Leanadh ar aghaidh le Clár Malairte Daltaí Chill Dara-Lexington in 2024, agus 10 daltaí dara leibhéal as Cill Dara ag taisteal go Lexington, Kentucky, agus a gcuid comhdhaltaí i SAM ag tabhairt cuairte faoi seach ar Chill Dara. Freisin thacaigh muid leis na coistí nasctha éagsúla agus chuireamar fáilte roimh chaomhaontú nua nasctha idir Ráth Daingean agus Freehold, New Jersey.



Ag nascadh – ‘Beyond the Trees’.



Daltaí i Lexington



Buaileann na daltaí malairte le chéile - Lexington



Pobal

Deontais Chomhairle Contae Chill Dara


Tacaíodh le **1,042** deontas agus soláthraíodh maoiniú de

€2,412,938 in 2024



Éire Shláintiúil

Leanadh ar aghaidh le cláir éagsúla a chur i bhfeidhm faoin scéim



Clár um Fheabhsú Áitiúil

Maoiniú ar luach iomlán

€163,842.45

bronnta ar 54 ghrúpa pobail chomh maith le

€37,030.02

do 14 Sheid Mhná



Leader

Faomhadh tugtha do 3 thionscadal ar luach iomlán

€256,048



Sláintecare

Maoiniú

€75,000

curtha ar fáil do thionscadail lenar cuireadh chun cinn sláinte agus folláine



SICAP

Idirghabhálacha le

75 ghrúpa pobail agus


913 duine aonair

(buiséad

€1,693,183)



Féile Bríd 1500



Breathnaíodh ar chlár na scoileanna os cionn

6,000 uair ar líne



Scaipeadh breis is

3,000 cóip de chlár na scoileanna chuig scoileanna agus leabharlanna i gCill Dara

D'fhreastail thart ar

80,000

duine ar an bhféile



Le gné físe Thurasóireacht Éireann ar an bhféile Bríd 1500 cuireadh chun cinn Cill Dara ar leibhéal náisiúnta

Le nochtadh seasmhach ar an teilifís agus sna meáin náisiúnta i rith na féile atreisíodh tarraingt Chill Dara do spriocphobal mór turasóireachta

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Pléadh le breis is

27,000

duine in 2024



Deontais Forbartha Club

Tugadh

€94,740

do **84** chlub



Líon iomlán na gclár


87

clár agus

344

cúrsa/imeacht

seachadta



Cláir Mhíchumais –

1,582

Rannpháirtí



Cláir Rannpháirtíochta Áitiúla –

64

Clár a d'fhreastail ar

11,301

rannpháirtí


lenar áiríodh:



Cláir Mol Spóirt –

1,092

Rannpháirtí



Cláir Aoisbhá –

954

Rannpháirtí



Clár do Mhná sa Spórt –

1,575

Rannpháirtí



Tacaíocht d'Úcránaigh agus d'Iarrthóirí Tearmainn –

1,008

Rannpháirtí



Cláir Tacaithe ag CSCD –

13,666

Rannpháirtí



Cosaint Leanaí

28

cúrsa le

395

Rannpháirtí



Clár Oideachais agus Oiliúna

11

chlár clúdaithe le

44

chúrsa agus

1,852

Rannpháirtí



Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Dara

Chláraigh **783** ball leis an LRP





**Aeráid, Pobal, Comhshaol
& Uisce**

Comhshaol

Comhshaol agus Uisce:

In 2024, lean Comhairle Contae Chill Dara ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir le bainistíocht chomhshaoil agus caomhnú uisce. I measc iarrachtaí na Comhairle bhí críochnú agus oscailt Pháirc Bhaile Chairdif, ballaí colmlainne a thógáil i reiligí éagsúla, agus píolótú rathúil a rinneadh le bád um ghearradh fiailí ar an mBearú. Ina theannta sin, mar thoradh ar an bhFeachtas bailithe do Thochtanna agus Péint, bailíodh méid dramhaíola nach bhfacthas riamh roimhe. Ina theannta sin, bhain an Nás an chéad áit as 40 baile agus cathair i dTábla Bruscair IBAL.

Forbhreathnú ar 2024:

- Críochnaíodh obair thógála i bPáirc Bhaile Chairdif agus osclaíodh an pháirc don phobal i mí Dheireadh Fómhair '24. Bainistíocht agus monatóireacht leanúnach déanta ar an gcomhshaol ag baili foirne comhshaoil, i gcomhréir le ceadúnas an GCC.



An Nás, Gradaim

- Tógáil bhallaí colmlainne i reilig Chonlao, An Droichead Nua, Reilig Mhíchíl, Baile Átha Cliath agus i reilig Chonfaí.
- Reachtáladh maithiúnas toichta ar an 31ú Lúnasa agus maithiúnas péinte ar an 28ú Meán Fómhair agus mar thoradh air sin bailíodh méid péinte agus tochtanna nach bhfacthas roimhe. Bailíodh 37.3 tona de dhrámhphéint, agus 22.92 thona de thochtanna.

- Bhain Comhairle Contae Chill Dara amach scór 'Láidir nó Ar Fheabhas' sna 20 Catagóir Náisiúnta um Thosaíocht Fhorfheidhmithe don dara bliain as a chéile i gCreat Feidhmíochta Áitiúla an GCC.
- Bhí an Nás ag bharr na ranguithe le haghaidh 40 bhaile agus chathair i dTábla Bruscair IBAL
- Píolótú rathúil déanta ar bhád um bhearradh fiailí ar Abhainn na Bearú. Baineadh na fiailí de chuid mhór den abhainn lasmuigh de Mhainistir Eimhín, d'ainneoin na srianta comhshaoil a ghabhann lena bheith aitheanta mar limistéar faoi chaomhnú speisialta.



Ballaí Colmlainne, Reilig Chonalo, An Droichead Nua



Ballaí Colmlainne, Reilig Mhíchíl, Baile Átha Í



Lá Maithiúnas Tochta



Maithiúnas Péinte, Áras Chill Dara



An Bhearú, Tar éis do na Fiailí a Bheith Bearrtha

Comhshaol


1,338

Gearán faoi thruailliú bainistithe



1330

Cigireacht um Dhramháil Mhídhleathach déanta



1498

Gnáthchigireacht agus

137

Cigireacht Neamhghnách Uisce / Fuíolluisce



269

bhFineáil bruscair eisithe



Deontais Éagsúla Íoctha

20

Le haghaidh daibhche séarachais



74

Deontas um choiste reilige



38

Deontas do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara



127

Glantachán déanta ag grúpaí na Bailte Slachtmhara, ag cumainn chónaitheora agus ag rannpháirtithe sa Chiliméadar Glas



Chuir Comhairle Contae Chill Dara

1,050

crann óg dúchasach ar fáil do rannpháirtithe sa Chiliméadar Glas



Bronnadh bratacha glasa ar

25

scoil faoi Chlár na Scoileanna Glasa



4,997

Tona de ghloine agus

36

thona faighte ar ais ó ionaid beir leat



Seirbhísí Corparáideacha, Daoine & Cultúrtha







**Seirbhísí Corparáideacha,
Daoine & Cultúrtha**

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as go leor gníomhaíochtaí lárnacha, lena n-áirítear:

- An chéad phointe teagmhála a chur ar fáil maidir le bainistíocht seirbhísí do chustaiméirí trí ríomhphost, tríd an bpost, ar an nguthán agus i bpearsa
- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do chomhaltaí tofa agus cruinnithe reachtúla a sheirbhísiú
- Clár na dtoghthóirí a choimeád
- Seirbhísí tacaíochta a riar don Phríomhfheidhmeannach agus don Fhoireann Bhainistíochta
- An fheidhm meán agus cumarsáide a chur ar fáil don eagraíocht
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tacú le comhlíontacht i ndáil le dualgais teangacha oifigiúla
- Oibleagáidí maidir le Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí a bhainistiú
- Bainistíocht Áiseanna agus comhordú a dhéanamh ar go leor feidhmeanna corparáideacha ar fud stiúrthóireachtaí

Forbhreathnú ar 2024:

- Cuireadh seirbhís chuimsitheach agus inrochtana ar fáil don 40 comhalta tofa de Chomhairle Contae Chill Dara ar fud 5 Cheantar Bhardasacha.
- Tugadh tacaíocht do 98 cruinniú reachtúil i rith na bliana agus craoladh 14 Chruinniú Iomlán na Comhairle ar an ngréasán.
- Riaradh ceanglais reachtúla go léir na gcomhaltaí tofa i ndáil leis an gClár Poiblí laistigh de na tréimhsí ama riachtanacha agus foilsíodh ar líne iad nuair a ceanglaíodh é sin.
- Leanann an t-aonad soláthair a bunaíodh in 2023, ar aghaidh ag cabhrú le baill foirne le comhlíontacht an tsoláthair a chinntiú, chomh maith le húsáid Chreat-Chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais, feachtas foirne, oiliúint, nósanna imeachta soláthair a chaighdeánú, soláthar glas, agus an sprioc a chur chun cinn maidir le Luach ar Airgead a fháil ar airgead poiblí a chaitear.



- Reáchtáil an tAonad Soláthair 'Imeacht um Chasadh leis an Soláthraí' i mí na Samhna 2024 i gcomhpháirt le hOifig Fiontair Áitiúil Chill Dara chun tacú le líonrú le FBManna; bhí freastal maith ar an imeacht agus fuarthas aiseolas dearfach ina leith.
- Suiteáladh córas nua um rialú soilsithe in Áras Chill Dara chun úsáid fuinnimh a laghdú.
- Tá oibreacha nach mór críochnaithe ar an Áis Stórála Doiciméad nua atá suite taobh le hÁras Chill Dara.
- Ullmhaíodh creatdoiciméad nua um chomhlíonadh ár gcuid ceanglas i ndáil le Creat Dhualgas na hEarnála Poiblí faoi Threoir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas agus faomhadh i mí Dheireadh Fómhair 2024 é. Sa doiciméad leagtar amach ár gcur chuige i dtreo ár gcuid ceanglas a chomhlíonadh chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí.
- Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta do chomhionannas deiseanna a chur chun cinn, deireadh a chur le hidirdhealú agus dínit agus cearta daonna ár bhfoirne, ár gcomhaltaí tofa agus gach duine i gCill Dara a chosaint ar fud gach feidhme agus chun iarraidh cloí leis an dea-chleachtas inár raon seirbhísí chun freastal ar riachtanais daonra a bhíonn ag éirí níos éagsúla i gcónaí.
- In R4 2024, ghlac an Chomhairle nuathofa Scéim nua um Choistí Beartais Straitéisigh le haghaidh 2024-29 agus Plean Corparáideach nua le haghaidh thréimhse cúig bliana na Comhairle.
- Bliain mhór ab ea 2024 le haghaidh imeachtaí toghchánacha, agus bhí Reifreann i mí an Mhárta, Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha i mí an Mheithimh agus Olltoghchán i mí na Samhna. Lean Comhairle Contae Chill Dara ar aghaidh ag próiseáil níos mó ná meán náisiúnta na n-iaratas ar líne ar an gcóras ar líne Seiceáil an Clár, agus tá breis is 26,000 toghthóir curtha leis an gclár le bliain anuas.

- Buaicphointe na bliana ab ea Toghcháin Áitiúla 2024, agus 90 iarrthóir ag seasamh ar fud 8 dToghcheantar Áitiúla, mhair na Comhairimh (agus na hAthchomhairimh) ó Dé Sathairn an 7 Meitheamh go dtí Dé Céadaoin an 11 Meitheamh, agus iad ag críochnú le toghadh 40 Comhairleoir, ar toghadh 10 díobh den chéad uair.
- Lean Comhairle Contae Chill Dara ar aghaidh ag feidhmiú Fodhlíthe Corrrhrádála agus ag plé leis an éileamh méadaithe ar thrádáil lasmuigh, agus bhí 28 ceadúnas deonaithe aici in 2024, an líon ba mhó riamh a deonaíodh.
- D'fheidhmigh an Chomhairle go maith fós ó thaobh Seirbhíse do Chustaiméirí agus bhí 88% de nach mór 33,000 cás a chuir Custaiméirí agus Ionadaithe Tofa isteach freagartha de réir spriocanna an Chomhaontaithe ar Leibhéal Seirbhíse.
- Le feachtas cumarsáide tiomnaithe, lenar áiríodh físeán agus podchraoladh a léiriú, tarraingíodh aird ar an dul chun cinn suntasach maidir le Páirc Bhaile Chairdís a fhorbairt mar áis áitiúil luachmhar ó iar-láithreán líonta talún. San fhíseán agus sa phodchraoladh cuireadh béim ar thábhacht an chomhairliúcháin phoiblí agus ar rannpháirtíocht

an phobail i gcaitheamh an tionscadail, chun a chinntiú go bhfreastalódh an pháirc ar riachtanais an phobail agus cuairteoirí. Baineadh úsáid as an bpodchraoladh agus as an bhfíseán mar acmhainn eolais agus úsáideadh ar fud na meán sóisialta iad chun feasacht agus poiblíocht a chothú.

An Ghaeilge:

- Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta do sheirbhísí poiblí ardchaighdeán a sholáthar i dteangacha oifigiúla go léir an stáit agus aithníonn sí go measúil a cuid oibleagáidí agus gealltanais reachtúil faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (ATONna), 2003 agus 2021. Chuige sin, déanann ár nOifigeach Teangacha Oifigiúla (4B) maoirseacht ar fheidhmíocht agus, de réir mar is cuí, tugann siad tuairisc don Phríomhfheidhmeannach i ndáil le hoibleagáidí na Comhairle.
- Chun tacú leis an eagraíocht a hoibleagáidí atá luaite a chomhlíonadh, cheap Comhairle Contae Chill Dara a céad Oifigeach Gaeilge lánaimseartha in R2 2024. Tugann ár n-Oifigeach Gaeilge treoir dhlíthiúil, acmhainní agus tacaí Gaeilge do gach rannóg agus do gach roinn.



Comhaltas Bhaile Átha Í, An Tolg Liteartha 2024



- Le déanaí rinneadh measúnú ar ár gcóras um rianú cásanna teangacha oifigiúla agus cuireadh feabhas air, agus ar an mbealach sin cinntítear go sanntar agus go réitítear cásanna an Choimisinéara Teanga ar an mbealach is éifeachtúla.
- Faoi Alt 9(2) d'Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021, tá sé de cheart ag saoránaigh freagraí a fháil ar chomhfhreagras scríofa sa teanga oifigiúil chéanna. I ndáil leis an gceart teanga sin, agus d'fhoillíodh nach raibh beartaithe a sheachaint amach anseo, i gcomhpháirt leis an rannóg TF, tá measúnú déanta agus feabhas curtha ag Seirbhís Corparáideacha ar chóras dátheangach BCC na Comhairle.
- Faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá sé mar oibleagáid ar an gComhairle 20% ar a laghad dár bhfógraíocht a chur trí mheán na Gaeilge agus 5% ar a laghad de chaiteachas fógraíochta na Comhairle a chaitheamh ar fhógraí Gaeilge, agus iad a chur sna meáin chumarsáide Ghaeilge. Ar aon dul leis na dualgais atá luaite, in 2024, chuir Comhairle Contae Chill Dara 30% d'fhógraí i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta, 24% d'fhógraí ar na meáin shóisialta agus 16% d'fhógraí raidió trí mheán na Gaeilge. Forbraíodh fógraí saincheaptha sa Ghaeilge le haghaidh an fheachtais fógraíochta 'Brigid – Spiorad Chill Dara 2025': Craoladh 84 fógra teilifíse ar TG4, craoladh 18 bhfógra ar Raidió na Gaeltachta agus craoladh 70 fógra ar Raidió na Life. Ar an 11 Aibreán 2025, chuir Comhairle Contae Chill Dara Tuirisceán Bliantúil Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) isteach trí thairseach comhlíontachta an Choimisinéara Teanga.
- Bunaíodh Ciorcal Comhrá seachtainiúil Chomhairle Contae Chill Dara, Club Cúpla Focal, i mí an Mheithimh. Tríd an tionscnamh Club Cúpla Focal tugtar deis d'fhostaithe agus do Chomhaltáí Tofa an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid ar bhonn seachtainiúil. Trí Chlub Cúpla Focal cruthaíodh 360+ deis labhartha in 2024. Tugadh deiseanna míosúla d'fhostaithe an Ghaeilge a léamh i 'gCúinne na Gaeilge', an chuid Gaeilge de nuachtlitir inmheánach foirne 'The Pulse'.
- Chuaigh 26 ball foirne le Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí, líonra nuabhunaithe an rialtais arb í an aidhm atá i gceist leis daoine a thabhairt le chéile atá ag obair san earnáil phoiblí agus ar spéis leo a gcuid Gaeilge a úsáid, a chleachtadh nó a fhorbairt.

- D'fhreastail baill den fhoireann Seirbhíse do Chustaiméirí ar 'Chúrsa Oiliúna Gutháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí' ag Gaelchultúr agus d'fhreastail Comhaltaí tofa ar 'Chúrsa Gaeilge Ghaelchultúr le haghaidh Comhairleoirí Tofa'.
- Riar Coiste Gaeilge na Comhairle Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta, trínar bronnadh Scoláireachtaí Gaeltachta ar chúigear daltaí as ceantair bhargasacha éagsúla.
- Cheap Seirbhís Leabharlann Chill Dara agus Éire Ildánach, i gcomhpháirt le hOllscoil Mhá Nuad, a chéad Chomh-Scríbhneoir Gaeilge Cónaithe, Ré Ó Laighléis.
- I gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad, d'óstáil Seirbhís Ealaíon agus Leabharlann Chill Dara An Tolg Liteartha 2024 in Ionad Ealaíon Chois na hAbhann. Taifeadadh an ócáid liteartha agus craoladh í ar Raidió na Gaeltachta. Chomh maith leis sin, óstáladh an dráma Nollag 'An Nollaig sa Naigín' agus 'Oíche Airneáil sa Leabharlann', ar féidir taitneamh a bhaint as go fóill ar an bpodchraoladh Kildare Reads: Podchraoladh | Kildare Reads
- Lean Comhairle Contae Chill Dara de bheith ag tacú leis an 'Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge'.

Seirbhísí Corparáideacha

98
gCruinniú
reachtúil
seirbhísithe



Oiliúint RGCS
déanta ag
101
ball foirne



119
larratas ar
shaoráil
faisnéise
próiseáilte



Rinneadh
14
Chruinniú na Comhairle
lomláine a chraoladh
ar líne



26,848
Duine curtha le Clár na
dTogthóirí



Breis is
20,000
cás custaiméara réitithe
ar an gCóras BCC,
88%
laistigh de CLSanna




Freastalaíodh ar nach mór
8,000
custaiméir a shíúil isteach
ag an gCuntas Seirbhíse do
Chustaiméirí



Nach mór **2,500**
aighneacht comhairliúcháin
phoiblí ar consult.kildarecoco.ie



Freastalaíodh ar bhreis is
10,000
custaiméir le coinne in
Áras Chill Dara



Breis is
860
úsáideoir na
haípe foirne



21,315
(88%)

Cás custaiméara
réitithe tríd an gCóras
do Bhainistíocht ar
Chaidreamh le Custaiméirí
(BCC) & % laistigh de
spriocamanna



Breis is
760
fógra Nuachtáin
foilsithe -
30%
i nGaeilge



Físeán Promóisin Pháirc Bhaile Chairdíf -
Iar-Láithreán Líonta Talún

(4,573)
amharc go dtí seo)



175,531
Líon na ndaoine ar Chlár
na dToghthóirí



2,459

Líon na n-aighneachtaí déanta
tríd an Tairseach Comhairliúcháin
gach bliain



600

léitheoir míosúil ar an meán le
haghaidh na Nuachtlitreach
Foirne - The Pulse



178

Preaseisiúint eisithe



Sáraíodh

an tairseach reachtúil i dtaca
le fógraíocht trí Ghaeilge



6,010
(88%)

Cás lonadaí Thofa réitithe
trí BCC & % laistigh de
spriocamanna





**Seirbhísí Corparáideacha,
Daoine & Cultúrtha**

Acmhainní Daonna

Acmhainní Daonna:

Áirítear le gníomhaíochtaí lárnacha na Rannóige Acmhainní Daonna earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch agus aoisliúntas. Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomnaithe le timpeallacht oibre thacúil agus tháirgiúil a chothú, lena gcinntítear go bhfuil rochtain ag gach fostaí ar acmhainní agus deiseanna riachtanacha agus inmhiannaithe. Ina theannta sin, stiúir an Rannóg Acmhainní Daonna ullmhú Phlean Fórsa Oibre don eagraíocht, agus chabhraigh sí le planáil don todhchaí, lena n-áirítear neart acmhainní foirne a chinntiú chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar.

Forbhreathnú ar 2024:

- Leanadh ar aghaidh le plé dearfach leis an gcumann áitiúil Fórsa in 2024, agus mar thoradh ar aistriú Seirbhísí Uisce go hUisce Éireann, bunaíodh Comhfhóram i mí Iúil 2023 chun comhoibriú i ndáil leis na saincheisteanna éagsúla maidir leis an aistriú, go háirithe na próisis um athshannadh foirne.
- Ar aon dul lenár Straitéis Folláine 2023-2025, ceapadh téarmaí tagartha dár gcéad Mheitheal

Oibre Folláine in 2024 le faomhadh ag an mBainistíocht Shinsearach. Cabhróidh an grúpa sin le plan gníomhaíochta fadtéarmach a fhorbairt agus tabharfaidh sé comhairle maidir leis sin, agus é ag sainathint réimsí tosaíochta agus plan cuí um chur i bhfeidhm a thacaíonn le sláinte agus folláine ár gcuid foirne.

- Leis an gClár Cúnaimh i gcomhair Fostaithe agus an Tairseach Folláine leantar ar aghaidh ag soláthar seirbhísí comhairleoireachta ar an láthair le haghaidh cúrsaí pearsanta agus cúrsaí a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear rochtain ar uaireanta d'ábhar folláine a thacaíonn le ceithre cholún na folláine atá leagtha amach inár Straitéis Folláine – Folláine Shóisialta, Fhisiceach, Mheabhrach agus Airgeadais.
- Cuireadh tús le hobair ar phlean straitéiseach fórsa oibre le haghaidh 2025 – 2029. Is í an aidhm atá i gceist leis an bpróiseas atriallach sin léargas a fhorbairt, chun bonnlíne a chur ar fáil, tuar agus planáil ar bhealach straitéiseach agus eolach ionas go bhfuilimid réidh lenár gcuid seirbhísí a sholáthar agus spriocanna ár bPlean Chorporáidigh a bhaint amach.
- Dhearamar córas nua ar líne um bainistíocht forbartha feidhmíochta, e-PMDS, chun dul in ionad an rianaithe feidhmíochta a bhíodh bunaithe



Caifé Meanapáis

ar pháipéar go traidisiúnta. Leis an gcóras sin tabharfar rochtain fíor-ama ar mhéadracht feidhmíochta, ar phleananna forbartha agus ar aiseolas d'fhostaithe agus do bhainisteoirí líne, le cinntiú go mbeidh próiseas na bainistíochta feidhmíochta níos tarraingtí agus níos éifeachtaí.

- Cuireadh tús le Beartas Soghluaisteachta a fhorbairt, a fheidhmeoidh mar chreat treoraithe chun gluaisteachtaí fórsa oibre ar fud na heagraíochta a bhainistiú. Leis an mbeartas, atá le seoladh in 2025, cuirfear cur chuige struchtúrach ar fáil i dtreo aistrithe, déanfar measúnú ar éifeachtúlachtaí oibríochtúla, tacófar le daoine cumasacha a choinneáil agus le fás gairme, agus beidh sé ag teacht le spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta.

Acmhainní Daonna

176



Iarratas faighte faoin Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra chun tacú le cothromaíocht oibre/saoil níos fearr don fhoireann

86



Iarratas ar shaoire tuismitheoireachta faighte chun tacú le tuismitheoirí ag an obair

593



Úsáideoir cláraithe dár dTairseach Folláine agus chláraigh 83 úsáideoir nua

149



Idirghníomhú díreach déanta lenár gClár Cúnamh i gcomhair Fostaithe le haghaidh tacaí pearsanta nó tacaí bainteach leis an obair

11

Chrann taca meanapáis ceaptha agus oiliúint curtha orthu



150

Cúrsa seachadta agus freastalaíodh ar 63 comhdháil/seimineár in 2024, a raibh 970 fostaí rannpháirteach iontu



2,977

Cás oiliúna tugtha chun críche



320

Ceapachán, lenar áiríodh baill foirne gníomhacha, arduithe céime agus 164 ball foirne nua Reáchtáladh 60 comórtas agus bunaíodh 56 painéal



60

Competitions ran with 56 panels established





Seirbhísí Corparáideacha,
Daoine & Cultúrtha

Inrochtaineacht

Forbhreathnú ar 2024:

Tionscnaimh Feasachta:

- Ardaíodh feasacht faoi mhíchumas trí Thionscadal Clár Fógraí Bhaile Átha Í, agus saothair ealaíne taispeánta ar Shráid Laighean, Baile Átha Í ó mhí na Samhna 2023 go mí Feabhra 2024.
- Coimisiúnaíodh cruthú an leabhair scéalta agus an chluiche cláir 'Accessible Adventures'.
- Chun cabhrú le tuairimí dearfacha a chothú san fhadtéarma i dtreo daoine faoi mhíchumas inár bpobal, sholáthair CKAN cláir agus taispeántais feasachta ar mhíchumas do dhaltaí i Scoil Educate Together i gCill Dara Thuaidh, In Iar-Bhunscoil Mhá Nuad agus i gColáiste Chiaráin, Léim an Bhradáin.



Silje Skuterud, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, Leabharlann Mhá Nuad le Angela Tracey ó Ghrúpa Rochtana Mhá Nuad agus iad ag breathnú ar na bréagáin chéadfacha nua atá urraithe ag CKAN



Ceann de na cláir fógraí arna dtaispeáint ar Shráid Laighean Bhaile Átha Í chun feasacht a ardú faoin mhíchumas.

Oiliúint:

- Fuarthas bréagáin chuimsitheacha le haghaidh leabharlann chun tacú le múineadh faoi mhíchumas, faoi chuimsiú agus faoi éagsúlacht le haghaidh leanaí 0-6 bliana d'aois.
- Cuireadh tús le Modúl R-Fhoghlama ar Fheasacht ar Mhíchumas a fhorbairt.



Bréagán bog madra agus teanntán scolóise air agus Coinín Build-a-Bear a bhfuil pumpa insline agus fearas monatóireachta diaibéitis á gcaitheamh aige, sampla de dhá bhréagán chuimsitheacha a thug CKAN don bhailliúchán ELF sna leabharlanna.

Inrochtaineacht

Turas fíorúil

360

céim déanta le haghaidh Leabharlann agus Ionad Cultúrtha an Náis



Osclaíodh Áis Feistis amháin i Leabharlann agus Ionad Cultúrtha an Náis agus osclaíodh Áis Feistis Íoschéimneach in Dara Community Living – arna maoiniú trí CMÁ.



Áiseanna Feistis:

- Osclaíodh áis feistis nua amháin agus áis feistis íoschéimneach amháin.

Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas:

- Ceiliúradh an lá le seoladh an Leabhair Scéalta & an Chluiche Cláir Accessible Adventures le Ciar Chapman 5.
- Cóipeanna Priontáilte: 3,500 cóip priontáilte.
- Dáileadh i Leabharlanna: 1 chóip tugtha do gach leabharlann ar fud na tíre.
- Cóipeanna Saor in Aisce: Cóipeanna saor in aisce dáilte ar bhonn 'tiocfaidh do sheal mar a thiocfaidh tú féin' ó leabharlanna i gCill Dara

Tionscnaimh Eile:

- Glacadh páirt sa Ghrúpa Comhairleach Tionscadal le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, agus iniúchadh ar chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CPRD) a rinne Údaráis Áitiúla.
- Cuireadh tús le hullmhúcháin i gcomhair Fhéile Cuimsitheachta Chill Dara.
- Rinneadh iniúchadh agus athstocáil ar bhoscaí CKAN de bhréagáin chéadfacha le tacú le daoine néara-éagsúla rochtain a fháil ar ár leabharlanna poiblí i gCill Dara.
- Seoladh suíomh gréasáin Líonra Rochtana Chontae Chill Dara.
- Reáchtáladh cruinnithe míosúla le grúpaí rochtana áitiúla agus le CKAN.



In éineacht leis an Ombudsman do Leanaí, an Dr Niall Muldoon, ag Lá na Cuimsitheachta & na hÉagsúlachta i gColáiste Chiaráin Léim an Each, bhí baill de CKAN ó Ghrúpaí Rochtana Mhá Nuad agus Léim an Each



**Seirbhísí Corparáideacha,
Daoine & Cultúrtha**

Sláinte & Sábháilteacht

Forbhreathnú ar 2024:

- Laghdú ar Theagmhais: Laghdú foriomlán ar thionóiscí (-16%), Teagmhais (-18%) agus IRLanna (-60%) tuairiscithe (2023 vs. 2024).
- Seisiúin Feasachta: Óstáladh seisiúin feasachta ar Ailse Chíche agus ar Shláinte Fear / Ailse ar fud an chontae.
- Comhdháil Bhliantúil: Reáchtáladh an chomhdháil Bhliantúil Sláinte agus Sábháilteachta 2024 in Óstán Osprey agus é mar théama aici "Faigh an codladh is fearr". D'fhreastail 381 fostaí ar an gcomhdháil ag a raibh na haoichainteoirí Dermot Whelan, Fiona Brennan agus Erica Hargaden.
- Seónna Bóthair: Reáchtáladh Seónna Bóthair Sláinte agus Sábháilteachta ar fud na Stiúirtheachta Iompair.
- Tionscnaimh sláinte: Tugadh scagadh Sláinte agus vacsaínithe Fluú saor in aisce don fhoireann.

Íomhá ar barr:

Fiona Brennan ag an gComhdháil Sláinte agus Sábháilteachta

Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara

Wednesday 23rd October
Osprey Hotel, Naas
9am – 1pm

HEALTH & SAFETY CONFERENCE 2024

Unleash your Best Sleep

Our annual Health & Safety Conference is returning for its 10th year in 2024, focusing on the theme of better sleep.

We'll welcome an engaging and insightful line-up of experts to help us delve into the theme, focusing on sleep optimization, lifestyle and transforming our sleep patterns for better well-being.

FIONA BRENNAN
Fiona is a distinguished coach specializing in self-leadership and mindfulness, delivering impactful keynote addresses, and facilitating corporate training sessions in the areas of sleep optimization, lifestyle medicine, compassion-based resilience, positive psychology, and public speaking excellence.

ERICA HARGADEN
Erica is a distinguished sleep consultant renowned for her expertise in pediatric sleep solutions. With a passion for helping families achieve restful nights, Erica has dedicated her career to transforming sleep patterns for children and their parents. As the founder of *Sláinte*, Erica has helped thousands of families regain the precious gift of peaceful sleep. Her success stories are a testament to her dedication and the transformative impact of her work.

DERMOT WHELAN
Dermot is a bestselling author, Connacht Public Speaker and Meditation Teacher with plenty of his trademark humor. Dermot will give you the tools to prepare your body and mind for a less stressful, more restful night and help you unleash the secrets for a sleepier partner, less anxious day.

KEVIN O'HAGAN
Kevin is the Cancer Prevention Manager at the Irish Cancer Society for over 10 years. He is currently leading community education programmes and the delivery of national awareness campaigns at the Cancer Society. He has experience in the design and evaluation of health promotion projects, monitoring and measuring the impact of services and commissioning research and evaluation studies. Kevin will provide information on the early warning signs of the most common cancers and actions we can take to reduce our risk of cancer. He will also outline the additional supports and resources available at the Irish Cancer Society.

BOOK NOW


Please book your place via our online booking system or by scanning the QR code below

Póstaer don Chomhdháil Sláinte & Sábháilteachta

Sláinte & Sábháilteacht


144

Ionduchtú déanta



82

Cigireacht
láithreáin déanta



90

Measúnú
VDU/DSE déanta



20

Measúnú
toirchis déanta


381

D'fhreastail
duine (276 i bpearsa -105
ar líne) ar an gComhdháil
Bhliantúil Sláinte agus
Sábháilteachta



275

(230 sa Nás,
24 i Má Nuad, 21 i mBaile
Átha í) Scagadh Sláinte
déanta



15

Chúrsa
sábháilteachta
curtha ar fáil



Soláthraíodh

197

vacsáin fliú



Erica Hargaden ag an gComhdháil Sláinte agus Sábháilteachta



Dermot Whelan ag an gComhdháil Sláinte agus Sábháilteachta



**Seirbhísí Corparáideacha,
Daoine & Cultúrtha**

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara

Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chill Dara:

Tá an tSeirbhís Leabharlann agus Ealaíon tiomnaithe chun raon leathan seirbhísí cultúrtha, oideachasúla agus caithimh aimsire a sholáthar don phobal. Aidhm na seirbhíse is ea grá don léitheoireacht, don chruthaitheacht, agus don fhoghlaim leanúnach a chothú feadh na n-aoisghrúpaí ar fad.

In 2024, bhain Seirbhís Leabharlann Chill Dara amach go leor garspriocanna lenar áiríodh Leabharlann & Ionad Cultúrtha an Náis a oscailt agus Leabharlann Bhaile Chill Dara a athchóiriú. Cheiliúir an tSeirbhís an 15ú Bliain d'Fhéile Léitheoirí Chill Dara freisin agus mhéadaigh sí Leabharlann Síolta Chill Dara. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú ar ríomhairí glúine rochtana poiblí agus is amhlaidh atá sé níos éasca iad a úsáid anois.

Stiúir Seirbhís Ealaíon Chill Dara tionscadail éagsúla rince pobail chomh maith le tionscadail chomhoibritheacha cheoil, thacaigh sí le rannpháirtíocht an phobail tríd an gClár Ealaíon, Sláinte agus Folláine agus d'óstáil sí 67 n-imeacht saor in aisce le haghaidh Oíche Chultúir. Chomh maith leis sin, sheol an tSeirbhís spás gailearaí agus ceardlainne 'Sainealaíne' (Art House) agus chuir sí ionad tiomanta um léiriú ealaíne agus rannpháirtíocht phobail ar fáil.



Tetyana Shumska, an Comhairleoir Pat Curran, Heather Law agus Mario Corrigan ag athoscailt Leabharlann Bhaile Chill Dara an 6 Meitheamh 2024.



An Cathaoirleach an Clr Daragh Fitzpatrick, an Príomh-Fheidhmeannach Sonya Kavanagh, an Leabharlannaí Contae Gillian Allen agus aíonna ag oscailt oifigiúil Leabharlann & Ionad Cultúrtha an Náis, an 15 Aibreán 2024

Forbhreathnú ar 2024:

- On Dé hAoine an 19 Eanáir osclaíodh Leabharlann & Ionad Cultúrtha an Náis den chéad uair tar éis athchóiriú 3 bliana agus tionscadal nuathógtha taobh leis. Seoladh go hoifigiúil ar an 15 Aibreán é. I rith 2024 thug 136,088 duine cuairt ar an leabharlann nua, eisíodh 135,591 earra agus chláraigh 11,978 duine mar bhaill.
- Rinne Seirbhís Leabharlann Chill Dara iarratas ar dheontas caipitil iomlán ar luach €5.1 milliún agus d'éirigh léi é a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail chun Leabharlann nua sa Droichead Nua a thógáil chomh maith le Cartlann & Ionad Cultúrtha Contae, Leabharlann nua i gClaonadh agus Leabharlann Shoghluaiste nua.
- Athosclaíodh leabharlann Bhaile Chill Dara ar an 6 Meitheamh tar éis athchóiriú mór ar na fuinneoga, na háiseanna foirne agus urlárlach nua.
- Comóradh 15 Bliana Fhéile Léitheoirí Chill Dara ón 9-13 Deireadh Fómhair 2024. Reáchtáladar 13 imeacht ar fhreastail breis is 700 duine orthu. Cuimsíodh ateangaireacht ISL i ngach imeacht i mBéarla. Bhí imeachtaí iontacha againn lenár áiríodh imeachtaí ar stair nua-aimseartha na hÉireann le Catherine Corless, Diarmuid Ferriter agus ar stair LADTA+ na hÉireann le Páraic Kerrigan agus Anna Nolan.
- Méadaíodh Leabharlann Síolta Chill Dara go 7 leabharlann. Tá bailiúchán de shíolta pailnithe oscailte ag gach leabharlann chun do chuid glasraí agus bláthanna inite féin a fhás. D'óstáil gach leabharlann caint ar shábháil síolta agus

óstálfar ceardlanna oideachasúla séasúracha ar fhás agus ar shábháil síolta.

- Le deontas €98k ón Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail, rinne Leabharlanna Chill Dara uasghrádú agus leathnú ar a bhflít ríomhairí glúine ar a bhfuil rochtain ag an bpobal. Tá 52 ríomhaire glúine, nua-aimseartha, 2-in-1 intionaithe le scáileán tadhall ar fáil anois le tógáil ar iasacht i 10 leabharlann bhrainte le húsáid sa leabharlann..



Abie Philbin Bowman agus Catherine Corless ag Féile Léitheoirí Chill Dara, an 12 Deireadh Fómhair 2024 in Ionad Ealaíon Riverbank

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara

Chuaigh líon na n-úsáideoirí le haghaidh na hAipe Leabharlainne i méid faoi

129%

Tógadh breis is
140,000
ríomhíris agus
ríomhnuachtán ar íasacht in
2024



D'úsáid **29,861** duine san iomlán
na Ríomhairí Pearsanta Rochtana Poiblí



527,576
leabhar i bprionta tugtha ar íasacht



50,485
Ríomhleabhair tugtha ar íasacht



Líon na leanaí a chríochnaigh dúshlán léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh:

4,705

(+28% i gcomparáid le 2023)




Thug
687,593
duine cuairt ar leabharlanna
Chill Dara in 2024

WIFI Líon iomlán
na seisiún
44,361



98,577
r-Chlosleabhair tugtha ar íasacht

Cláraíodh **29,795** ball





**Seirbhísí Corparáideacha,
Daoine & Cultúrtha**

Seirbhís Ealaíon Chill Dara

Forbhreathnú ar 2024:

Brigid Sings

Tionscadal comhoibritheach ar fud an chontae idir Seirbhís Ealaíon Chill Dara, Music Generation Chill Dara agus Sing Ireland. Coimisiúnaíodh cúigear amhránaithe is scríbhneoirí mná as Contae Chill Dara le cúig amhrán nua a chumadh chun beatha Bhríde a cheiliúradh. Ghlac 3,800 leanbh as 32 bunscoil páirt sa tionscadal, a chríochnaigh le léiriú ceiliúrtha ar an 8 Meitheamh in Ardeaglais Chill Dara agus bhí cór ina raibh breis is 120 leanbh páirteach ann.

Príomh íomhá: Brigid Sings, léiriú ceiliúrtha, Ardeaglais Chill Dara an 8 Meitheamh 2024. San íomhá tá Sive le cór na leanaí. Le: Ruth Connolly

Stepping the Land

Tionscadal rince pobail faoi stiúir Philippa Donnellan, lenar áiríodh ceardlanna a cruthaíodh i dteannta le daoine den phobal agus a críochnaíodh le léiriú drámaíochta rince le láib agus buataisí ar fheirm Belan Lodge i gCill Dara theas. Comhpháirtíocht ab ea Ealaíontóir Rince Cónaithe Chill Dara 2023-24 idir Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara agus Ionad Ealaíon Riverbank a bhí á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon.



Stepping the Land – á léiriú ag Amharclann Óige Griese

Clár Ealaíon, Sláinte agus Folláine

Tacaíonn an clár le rannpháirtíocht an phobail agus le forbairt saothar uailmhianaigh agus ardchaighdeáin laistigh den chontae agus ar fud na tíre, agus spreagann sé iad siúd. I measc na n-ídirghabhálacha bhí tacaíocht fhadtéarmach do Past Times (an Nás) agus do Voices of Spring (Cill Droichid), dhá Chór Pobail mhóra (90+ ball) a thagann le chéile gach seachtain, agus a chuireann fáilte roimh dhaoine scothaosta lena n-áirítear iad siúd a bhfuil néaltrú agus breoiteachtaí eile bainteach le haois orthu.

Oíche Chultúir (20 Meán Fómhair 2024)

67 imeacht saor in aisce ar fud an chontae le haghaidh lucht freastail 5,000+, lenar áiríodh ceol, na físealaíona, rince, stair áitiúil, an bhithéagsúlacht, amharclannaíocht, cócaireacht, ceardaíocht, oidhreacht & níos mó. Tugadh tacaíocht do shé imeacht níos mó le Dámhachtainí Choimisiún Oíche Chultúir Chill Dara.

'Art House' Baile Átha Í

Seoladh é taobh leis an gcéad taispeántas 'Here Comes Everybody' (mí na Nollag 2024), agus léiriú á thabhairt ag an mbanna IF as Baile Átha Í, agus dánlann agus spás ceardlainne an Art House a cheap Anthony Haughey, ar bronnadh Dámhachtain Connect & Gather de chuid Áiteanna Ildánacha, Baile Átha Í 2024-2025 air.

€133,749

a bronnadh thar 16 scéim Deontas/ Sparánachtaí Ealaíon ar 77 duine aonair/pobal mar thacaíocht d'ealaíontóirí agus do ghníomhaíochtaí ealaíne ar fud an chontae.



7,657

Bhí 7,657 leanbh & duine óg rannpháirteach in Music Generation Chill Dara in 2023/24 (3,431 díobh rannpháirteach ar bhonn seachtainiúil).



Leanann Seirbhís Ealaíon Chill Dara ar aghaidh ag cothú fhorbairt na n-ealaíon óige i measc an ghnáthphobail sa chontae: Cheiliúr Amharclann Óige Griese


25 bliain

ar an bhfód agus cheiliúir Scannánóirí Óga Chill Dara 10 mbliana ar an bhfód in 2024.



Oíche Chultúir 2024

Tithíocht & Athghiniúint







**Tithíocht &
Athghiniúint**

Tithíocht

Tithíocht & Athghiniúint

Is é aidhm Rannóg Tithíochta & Athghiniúna de chuid Chomhairle Contae Chill Dara tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu léi. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024 maidir le haonaid tógála dírí a sheachadadh in ionaid éagsúla agus glacadh le príomhbheartais agus le príomhstraitéisí. Bhí an Clár Ceannaigh Éigeantaigh agus Deontas na dTithe Folmha i measc na n-iarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar fholúntais. Trí sheoladh an láithreáin ghréasáin ‘An gCáilimse do Thithíocht Shóisialta?’ cuireadh feabhas ar an eolas a thugtar d’iarratasóirí tithíochta. Thacaigh Scéim na nDeontas um Oiriúnú Tithe agus Scéim na nDeontas do Dhaoine faoi Mhíchumas le teaghlaigh le go bhféadfadh duine faoi mhíchumas fanacht ina dteach féin. I measc na n-iarrachtaí cothabhála a rinneadh, bhí tascanna cothabhála freagartha agus uasghrádú ar fhoirgnimh faoi úinéireacht na Comhairle faoin gClár um Iarfeistiú Fuinnimh. Freisin d’fhaomh an chomhairle iasachtaí tí agus aonaid don Scéim Ceannaigh Inacmhainne. Ina theannta sin, rinne an chomhairle seirbhísí ar láithreáin a bhí le díol. Sháraigh an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe a sprioc chun tithe a sheachadadh.

Íomhá: Ard Sceach, Coill Dubh

Lean an fhoireann Ríochta Poiblí agus Tionscadal Straitéiseach ar aghaidh de bheith ag obair chun feabhas a chur ar chaighdeán agus feidhmiúlacht spásanna poiblí sa phobal. In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le trí cinn déag de Phlean Baile & Sráidbhaile a fhoilsiú agus cuireadh tús le dhá phlean nua. Thug an chomhairle trí phróiseas reachtúla Chuid 8 chun críche agus críochnaíodh tionscadal caipitil amháin. Ina theannta sin, tosaíodh trí phróiseas reachtúla eile faoi Chuid 8. Chuige sin, reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin phoiblí ar líne agus i bpearsa, ar mhaithe le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála agus forbartha a chinntiú.



Athgarvan

Forbhreathnú ar 2024:

- Rinne Comhairle Contae Chill Dara aonaid tógála dírí a sheachadadh in Ard Sceach, i gCoill Dubh agus in Áth Garbháin, bhí 101 aonad tógála dírí idir lámha ag deireadh na bliana.
- Glacadh na beartais agus na straitéisí seo a leanas in 2024: Beartas ar lompriáocht Fhrithshóisialta, Straitéis um Bainistíocht Eastát, Plean Gníomhaíochta Réigiún an Oirthir Láir um Easpa Dídine 2024-2026, an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029.
- Chun aghaidh a thabhairt ar thithe foilmhe, lean an Rannóg Tithíochta ar aghaidh leis an gClár Ceannaigh Éigeantaigh, chuir sí láithreáin le Clár na Láithreán Dearóil, riar sí an Deontas um Thithe Foilmhe agus d'fhoilsigh sí Plean Tús Áite do Lár Baile Chlaonadh.
- Sheol an Rannóg Tithíochta suíomh gréasáin chun cabhrú le hiarratasóirí tithíochta dar teideal 'An gCáilim do Thithíocht Shóisialta' agus an toradh a bhí air sin ná eolas ní b'fhearr d'iarratasóirí tithíochta.
- Chabhraigh Scéim na nDeontas um Oiriúnú Tithe agus Daoine faoi Mhíchumas le teaghlaigh ina bhfuil duine faoi mhíchumas le fanacht ina dteach.



Sráid Ann

Tithíocht

Rinne an chomhairle agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

422 teach nua agus dara láimhe a sheachadadh, agus leithdháileadh teach ar **670** iarratasóir tithíochta



Ghnóthaigh **10** n-eastát údaráis áitiúil Gradaim um Mórtas Áite



Coinníodh **209** teaghlach ón easpa dídine agus bhog 60 teaghlach amach ó chóiríocht éigeandála



Críochnaíodh **9,634** tasc cothabhála freagartha ar stoc faoi úinéireacht na comhairle, cuireadh **113** foirgneamh folamh ar ais chuig an stoc

Rinneadh uasghrádú

ar **61** foirgneamh faoin Scéim um Iarfheistiú Fuinnimh



Cuireadh **750** teaghlach le liosta tithíochta sóisialta na comhairle



Ceadaíodh **21** iasacht tí, ceadaíodh **40** aonad le haghaidh na Scéime Ceannaigh Inacmhainne, táirgeadh **7** láithreán seirbhísithe le díol i gCloch an Rince



Rinneadh **95** teach a sheachadadh i gcaitheamh an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024, méid a sháraigh an sprioc **89** teach



Ceadaíodh **157** Deontas um Oiriúnú Tithe, **339** Deontas Cúnaimh Tithíochta agus **67** Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas




Íocadh **69** Deontas Tithe Folmha, tugadh feidhm do **19** nOrdú Ceannaigh Éigeantaigh, cuireadh **15** fhoirgneamh le Clár na Láithreán Dearóil, sainaitníodh **56** réadmhaoin le haghaidh Ghlaio **3** de chuid URDF






Seoladh an Phlean Easpa Dídine



Ard Sceach, Coill Dubh



Scoil Chorbáin



An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029



**Tithíocht &
Athghiniúint**

*Oscailt Ionad Pobail Bhánóige,
Cill Choca*

Tionscadail Straitéiseacha agus Ríocht Phoiblí

The Public Realm and Strategic Projects team continued work on enhancing the quality and functionality of public spaces within the community. In 2024, significant progress was made with the publication of 13 Town & Village Plans and the commencement of two new plans. The council completed three Part 8 statutory processes and saw the completion of one capital project. Additionally, three more Part 8 statutory processes were commenced. In this regard, public consultation events were held both online and in-person, ensuring community involvement in the planning and development process.



Tosaíodh an Tionscadal um Athchóiriú Mhúsaem Shackleton agus suiteáladh Cábán Shackleton san fhoirgneamh (Iúil 2024)

Strategic Projects and Public Realm

13 Plean Baile agus Sráidbhaile foilsithe in 2024



Tús curtha le **2** Phlean Baile agus Sráidbhaile in 2024



3 Phróiseas reachtúla Chuid 8 tugtha chun críche in 2024



1 Tionscadal Caipitil críochnaithe in 2024



3 Thionscadal Caipitil tosaithe in 2024



Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí:

Ar Líne – **6** imeacht le **1541** aighneacht

I bpearsa – **7** n-imeacht agus **199** i láthair



Maoiniú faofa in 2024 –

€6,898,116



Imeascadh







Imeascadh

Imeascadh

Brollach:

Is mí Eanáir 2024 a bunaíodh Foireann Imeasctha an Údaráis Áitiúil, acmhainn thiomnaithe i gComhairle Contae Chill Dara. Is é príomhspríoc na foirne tacú le comhtháthú, le féintuilleamaí, le neamhspleáchas, agus le rannpháirtíocht i saol na hÉireann do dhaoine atá ag lorg cosanta idirnáisiúnta agus a bhfuil cónaí orthu i gCill Dara. Soláthraíonn an fhoireann tacaí éagsúla, lena n-áirítear clinicí eolais a eagrú, deacrachtaí a réiteach maidir le rochtain ar sheirbhísí, agus daoine aonair a threorú trí phróisis mar iarratas a dhéanamh ar chúnamh leighis agus nó oiliúint i gcomhair poist. Comhoibríonn an fhoireann i ndlúthpháirt le ranna ar fud na comhairle, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha agus tacú leis an bpróiseas imeasctha.

Forbhreathnú ar 2024:

Ó mhí an Mhárta go mí na Nollag 2024, rinne LAIT Chill Dara 41 cuairt for-rochtana agus d'eagraigh sé 175 chlinic eolais, inar tugadh tacaíocht do 1,035 duine agus inar réitíodh 1,617 ceist.

Anuas air sin, thacaigh LAIT Chill Dara le 137 duine trí 4 ghníomhaíocht lena n-áiríodh oiliúint frithchíníochais, dhá cheardlann ar thuiscint conas a fheidhmíonn daoine atá i bhfad ar an eite dheis agus conas cur in gcoinne an chur isteach inár gcuid pobal (Samhain & Nollaig 2024); clár síceasóisialta 6 seachtaine le gníomhaíochtaí bunaithe ar thráma coirp a bhí dírithe ar dhaoine a tháinig slán as foréigean inscnebhunaithe (Samhain) arna éascú ag IPAS; agus seisiún eolais ar an gcóras cosanta idirnáisiúnta in Éirinn (Meán Fómhair).

Ó mhí Mheán Fómhair 2024 reáchtáil an Fhoireann Chóiríochta Clinicí Lá-75 in Ionaid Chóiríochta Ainmnithe sa Halla Nua agus i mBaile Phúinse ag eatraimh thart ar 2 go 3 seachtaine chun cabhrú le cónaitheoirí le cóiríocht a aimsiú roimh dheireadh na tréimhse 90 lá ar chuir an Stát cóiríocht ar fáil lena linn. Ba í príomhfhoinsí na cóiríochta na scéimeanna

um Theach a Thairiscint agus um Chóiríocht Gheallta arna bhfeidhmiú ag an bhFoireann Cóiríochta.

Rinne an fhoireann Cóiríochta measúnú ar thograí cóiríochta le haghaidh larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Tairbhith de Chosaint Shealadach lenar áiríodh bunú Ionad Cóiríochta Sainithe an Halla Nua ina bhfuil áit do 985 duine.

Tríd an gClár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann

(CCDÉ), d'athlonnadh an Fhoireann Imeasctha 14 dhídeanaí cláir agus chuir siad tacaí imeasctha ar fáil dóibh.

I rith 2024, rinne an Fhoireann Imeasctha cathaoirleacht ar 6 chruinniú ag an bhFóram Imeasctha Pobail, agus ar 1 chruinniú téamach amháin faoi oideachas agus oiliúint d'aoisigh, ar ghlac 15 ghníomhaireacht agus eagraíocht páirt ann.

Imeascadh

41

Cuairt For-rochta na FÚAÍ (LAIT) Chill Dara



175

Clinic Eolais FÚAÍ Chill Dara

90

(clinic in ionaid chóiríochta UCTAT agus

8

gclinic in ionaid chóiríochta IPAS)



1,623

Ceist faighte ag FÚAÍ Chill Dara agus

1,617

ceist a réitíodh



1,035

Duine a fuair tacaíocht ó FÚAÍ Chill Dara (ba thairbhith de chosaint shealadach iad

590

díobh, b'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad

420

eile díobh agus bhí stádas i gcóiríocht IPAS ag 25 duine)



14

Dhídeanaí cláir atá athlonnaithe agus a fhaigheann diantacaí imeasctha ar feadh ré an chláir (mí Iúil 2024 – mí Eanáir 2026)




8

gCruinniú den Fóram um Imeascadh Pobail a réachtáladh in 2024




12

Chlinic Lae –75 a réachtáladh idir na hIonaid Chóiríochta Ainmnithe 90 Lá sa Halla Nua agus i mBaile Phúinse, idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2024



Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála







Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála


Pleanáil

Pleanáil

Leanann Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Chill Dara de bheith ag pleanáil i gcomhair pobal inbhuanaithe trí chinntiú go ndéantar an fhorbairt cheart sna háiteanna cearta agus trí bhonneagar sóisialta, eacnamaíoch agus fisiceach atá riachtanach a sholáthar. Déantar amhlaidh chun freastal ar riachtanais mhuintir ár gcontae ar bhealach a dhéanann dea-thréithe ár dtimpeallachta nádúrtha agus tógtha a chosaint.

In 2024, dhírigh an chomhairle ar an ngníomhú ar son na haeráide trí threoirínte a fhoilsiú ar Thrédhearcacht, Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach, agus Cuibhrinn agus Garraithe Pobail. Foilsíodh an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil 2025–2031 do Mhaigh Nuad agus a cuid Purlán agus ba é seo an chéad Phlean Ceantair Áitiúil Ísealcharbóin de chuid Chomhairle Contae Chill Dara. Ina theannta sin, foilsíodh an Plean Bainistíochta Caomhantais um Fhoirgneamh Drioglainne Cassidy.

Íomhá ar barr. Straitéis um Gharraithe & Ghairdíní Pobail



Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Mhá Nuad agus a Phurlán

Forbhreathnú ar 2024:


- In 2024, dhírigh muid ar ghníomhú ar son na haeráide a shruthlíniú ar fud an phróiseas pleanála trí threoirlínte agus straitéisí a fhoilsiú i ndáil le Thrédhearcacht, Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach, agus Cuibhrinn agus Garraithe Pobail.
- In 2024, d'fhoilsigh muid Dréachtphean Mhá Nuad agus a Phurlán 2025–2031 i gcomhar le Comhairle Contae na Mí; ba é sin an chéad Phlean Ceantair Áitiúil Ísealcharbóin le haghaidh Chomhairle

Contae Chill Dara agus reáchtáladh sraith d'imeachtaí comhairliúcháin gaolmhara.


- Ina theannta sin, d'fhoilsigh Comhairle Contae Chill Dara Plean Bainistíochta Caomhantais um Fhoirgneamh Drioglainne Cassidy.
- Riaradh maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí Chiste na Struchtúr Stairiúil (CSS) agus tríd an Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha (SIOT). I rith 2024, riar Comhairle Contae Chill Dara €282,500 san iomlán faoi na cistí sin.



Treoirlínte ar Thrédhearcacht




Plean Bainistíochta Caomhantais – Foirgneamh Drioglainne Cassidy



Residential Units Granted

Pleanáil**134**

Tugadh tacaíocht do imeacht le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta tríd an Scéim Deontas Oidhreachta Pobail

**29**

Tugadh tacaíocht do n-imeacht do Sheachtain na Bithéagsúlachta tríd an gCiste don Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta

**1797**

larratas pleanála faighte

**951**

Cinneadh eisithe chun Cead a Dheonú

**183**

Cinneadh eisithe chun Diúltú do Chead

**433**

larratas ar fhaisnéis bhreise eisithed

**84**

Dhearbhú um Fhorbairt Dhíolmhaithe Chuid 5

**280**

larratas réamhphleanála faighte

**15**

NChomhairliúchán nua

**Forfheidhmiú:****224**

Chás dúnta

**437**

Litr rabhaidh seirbheáilte

**140**

Fhógra forfheidhmithe seirbheáilte

**256**

Chás nua

**76**

Chás stairiúil dúnta

**8**

gCás curtha ar aghaidh chuig aturnaetha





Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála

Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

Oibríonn Rannóg Fiontair agus Eacnamaíoch Chomhairle Contae Chill Dara chun fás eacnamaíoch a chur chun cinn agus chun tacú leis i gContae Chill Dara. Tá ról tábhachtach ag an Rannóg Fiontair agus Eacnamaíoch ó thaobh na forbartha eacnamaíche sa réigiún a chur chun cinn agus tacú léi. Cabhraíonn an obair úd le poist a chruthú, le hinfheistiocht a mhealladh, agus le tacú le fás gnólachtaí áitiúla.

Forbhreathnú ar 2024:

Tacaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) agus tacar Forbartha Eacnamaíche leis an bhfiontar i gCill Dara trí straitéisí náisiúnta a chur i gcrích agus cabhrú le gnólachtaí áitiúla. Pléann OFÁ Chill Dara le gnólachtaí gach lá, chun tacaíocht luachmhar a thabhairt agus í ag smaoineamh as an nua chun freastal ar riachtanais na gcliant. Ina theannta sin, cinntíonn an OFÁ go mbíonn Comhairle Contae Chill Dara ag lorg deiseanna maoinithe don chontae.

Íomhá ar barr: Dare to Lead

Óstáladh Imeacht Náisiúnta um Chasadh leis an gCeannaitheoir – Bia agus Cothú

D'óstáil an Oifig Fiontair Áitiúil Imeacht Náisiúnta 'Casadh leis na Ceannaitheoirí' le haghaidh Thionscail an Bhia, na nDeochanna agus an Chothaithe i MERITS i gcomhar le Líonra Enterprise Europe, Fiontraíocht Éireann agus na húdaráis Rialtais Áitiúil.

Ba í aidhm an imeachta sin le haghaidh mhicreaghólaíochtaí, FBManna agus ghnólachtaí móra na hÉireann ná cabhrú leo le deiseanna nua díolacháin agus onnmhairithe a fhorbairt agus ceannaitheoirí as Éirinn, an Eoraip agus an RA a thabairt i bparcra agus trí chruinnithe fíorúla le ceannaitheoirí.



Imeacht Náisiúnta 'Casadh leis an gCeannaitheoir'

Lón BRÍD 1500

I gcomhar le Comhlachas Tráchtála Chontae Chill Dara agus Brainse Chill Dara de Network Ireland, sheol an Oifig Fiontair Áitiúil de chuid Chomhairle Contae Chill Dara She Succeeds ag Lón Bríd 1500. Clár uathúil é She Succeeds atá ceaptha chun cur le líon na gcuideachtaí faoi stiúir na mban i gCill Dara atá ag méadú chun feidhmiú ar bhonn idirnáisiúnta.

Leis an imeacht sin, ag a raibh 150 bean gnó spreagúil i láthair, rinneadh ceiliúradh suntasach ar éachtaí, ar chumhachtú agus ar spiorad Bhríde. Cloch mhíle shuntasach a bhí san imeacht ó thaobh cultúr cumhachtaithe agus ratha a chothú do mhná i gCill Dara.

Urraíocht Bhlas na hÉireann – Scoth Chill Dara

Reáchtáladh Blas na hÉireann 2024, Dámhachtainí Bia na hÉireann, sa Daingean ar ón Déardaoin, an 3 Deireadh Fómhair go dtí an Satharn, an 5 Deireadh Fómhair. Ag an imeacht, ceiliúradh iad siúd a bhain amach an cluiche ceannais & na buaiteoirí, agus an bua ag 9 táirgeoirí as Contae Chill Dara ag a raibh tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil. I measc na mbuaiteoirí bhí Killadoon Milk, O'Brien Fine Foods, Coghlan's Bakery Products Teo., The Brown Bread Guy, Daisy Desserts, Couverture Desserts Teo., Wild Women Bitters Teo., a thrádálann mar Beara Bitters, Rye River agus Dew Drop Inn.

Imeacht Náisiúnta Béime don Inbhuanaitheacht le Liz Bonnin

Labhair an craoltóir Staire Nádúrtha agus Comhshaoil a bhfuil clú agus cáil uirthi ar fud an domhain, Liz Bonnin, leis na céadta gnólacht san Amharclann Riverbank sa Droichead Nua agus trí shruth beo náisiúnta ar an 7 Márta.

Ba é an téama foriomlán don imeacht ná The Sustainability Imperative for Business Success agus díríodh ar an gcaoi a bhfuil an inbhuanaitheacht ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí ó thaobh mharthanais gnólachta. Stiúradh an imeacht ag Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Chill Dara agus é mar sprioc léiriú do ghnólachtaí áitiúla go bhféadann athruithe beaga ar do ghnólacht tionchar mór a imirt agus mar an ngné is tábhachtaí, conas tosú.

Le caint bhríomhar Liz ar stáitse díríodh ar an méid atá foghlamtha aici agus ar an taithí breis is 40 bliain atá aici ar chlár chomhshaoil agus fhiadhúlra. Díríodh ar an tábhacht a bhaineann le pláinéad folláin, na rudaí atá feicthe aici ag tarlú sa domhan nádúrtha, – agus na hathruithe ar gá dúinn a dhéanamh ar an stíl mhaireachtála chun tacú leis



an bpláinéad agus ár dtodhchaí a dhéanamh slán. Clúdaíodh freisin ábhair mar róil na n-éiceachóras sláintiúil, athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, an bealach a úsáidimid rudaí, na hathruithe ar féidir linn a dhéanamh mar thomhaltóirí agus an t-athrú córasach a theastaíonn chun ár gcuid géarchéimeanna comhshaoil go léir a réiteach “mura bhfuil tú páirteach sa réiteach, tá tú páirteach san fhadhb”.

Ceiliúrann Cill Dara Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan: Rochtain Fheabhsaithe ar Thacaí Gnó ag Fiontraithe Mná a Mholadh



Cheiliúir an Oifig Fiontair Áitiúil de chuid Chomhairle Contae Chill Dara Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan trí rochtain níos fearr ar thacaí gnó d'fhiontraithe mná a mholadh. D'fhreastail breis is 100 fiontraí mná ar Amharclann Moat le haghaidh "Girls Just Wanna Have Funds!" Díríodh leis an imeacht ar an eolas agus na hacmhainní a chur ar fáil do mhná ar gá dóibh iad chun maoiniú nó infheistíocht a fháil d'fhonn a gcuid gnólachtaí a thosú nó a mhéadú.

Athosclaítear GATHER re-Opens i Southwells, Baile Chill Dara



Thacaigh an Rannóg Fiontair agus Forbartha Eacnamaíche i gComhairle Contae Chill Dara le háitreabh miondíola do bhrandaí a chruthaítear i gCill Dara agus ar baill iad de Bhraisle Cruthaitheach OFÁ Chill Dara. Tháinig 'Gather', bailiúchán bronntanas a chruthaítear i gCill Dara chun bheith mar cheann de na deiseanna miondíola is fearr ó thaobh feidhmíochta ar fud na tíre le haghaidh brandaí a chruthaítear go háitiúil. Aithníodh é sa phreas náisiúnta agus sháraigh sé ioncam €200,000 le haghaidh na 24 bhranda chruthaithigh a bhí faoina dhíon. Leis an bpreabghnó féilteúil sin a dearadh chun scileanna agus feabhas cruthaitheach na máistir-cheardaithe i gCill Dara a thaispeáint, tógadh le chéile 24 dhéantóir sna réimsí seo a leanas: earraí tí, faisean, teicstíil, seodra, prionta digiteach, cré-earraí agus folláine. Le rath na deise sin tá forbairt tagtha ar bhranda agus chomharghnó Gather.

An bua foriomlán ag Cuideachta as Cill Dara ag na Dámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta



Bhí an bua foriomlán ag DreamDev Technologies Teoranta, agus é tacaithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil i gCill Dara, ag na Dámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta 2024, i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath, a bhí ar siúl don 24ú bliain agus a ritheann na hOifigí Fiontair Áitiúil gach bliain. Tá cleachtais innealtóireachta bogearraí chun bunathrú gnó a stiúradh mar réimse saineolais ag DreamDev Technologies Teoranta, comhpháirtí gnó a thugann tús áite don teicneolaíocht.

Blas Chill Dara - béim ar an mbia inár gcontae agus ar an mbraisle bia méadaitheach

Sheol Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Chill Dara Blas Chill Dara chun 20 Táirgeoir Bia Áitiúil a thaispeáint ón 20 – 22 Meán Fómhair i Ráschúrsa an Náis. Tháirg an fhéile sin eispéireas bríomhar le haghaidh daoine ar spéis leo bia, le haghaidh teaghlach, agus an phobail, le seastáin bhia éagsúla, le taispeántais bheo, agus le ceardlanna idirghníomhacha. Taispeáin an Oifig Fiontair Áitiúil 20 Táirgeoir Áitiúil Bia agus Deochanna i Halla Tote i gcaitheamh an deireadh seachtaine. Tá an spás tiomnaithe deartha chun aird a tharraingt ar thacú le táirgeoirí áitiúla agus éagsúlacht chultúr an bhia inár bpobal a cheiliúradh.

Ó tháirgí úra feirme go cáiseanna agus deochanna ceardaí, deis uathúil atá san fhéile sin chun taithí a fháil ar scoth na tallainne áitiúla. Tharraing an fhéile aird ar an tábhacht a bhaineann le tacú le gnólachtaí áitiúla ar scála beag a chuireann le hinbhuanaitheacht ár ngeilleagar áitiúil bia.


Óstálann Comhairle Contae Chill Dara Dare to Lead: Inspiring Entrepreneurs with Visionary Leadership Insights (Ceannaireacht Dhána: Fiontraíthe a Spreagadh le Léargais na Ceannaireachta Físí)

Ar an 10 Nollaig, 2024, thacaigh Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Chill Dara 10 mbliana ar an bhfód le himeacht cloiche míle dar teideal Dare to Lead. Leis an imeacht tógadh le chéile fiontraíthe as gach cearn de Chill Dara, taobh le príomhpháirtithe leasmhara, chun léiriú ar dheich mbliana d'fhiontraíocht sa réigiún, léargais na ceannaireachta físí a roinnt, agus ceangail nua a chothú.

Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

323

Post cruthaithe ag cuideachtaí cliant de chuid Fiontar Áitiúil Chill Dara



297

Ghlac duine aonair páirt i gCláir chun do Ghnó Féin a Thosú



77

Bhain nGnólacht leas as Deontas na nÉadan Siopaí



Bhain

20

Gnólacht leas as Tacarí um Bunathrú Digiteach



Thug

2,262

rannpháirtí faoi Oiliúint Ghinearálta & Forbartha Bainistíochta



42

Tugadh faomhadh do chuideachta cliant trí Dheontais Ullmhúcháin, Deontais um Méadú Gnó, Cúnamh Teicniúil do Mhicrea-Onnmhairithe, agus Deontais do Staidéar Indéantachta

Pléann

69


nGnólacht le tacarí inbhuanaitheachta



Thug

43

ghnólacht faoi thionscadal barainne



Maoiníodh

104

trí Scéim na nDearbhán Trádála ar Líne





Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála

Rialú Tógála

Forbhreathnú ar 2024:

- Tá éadan léarscáile ag a bhfuil rochtain ag an bpobal nach mór forbartha d'fhonn breathnú ar stádas eastát tithíochta i ndáil le tógáil i gcúram, a mheastar go rachaidh sé beo in 2025.
- Baineadh úsáid as an Tairseach Comhairliúcháin chun dhá phróiseas a shruthlíniú: glacadh ar líne le hiarratais ar Thógáil i gCúram chun féachaint ar thaifid um Rialú Tógála.
- Rath fós ar an Tionscadal um Feabhsú Eastát Oidhreacht, agus 11 as na 19 n-eastát a tógadh i gcúram in 2024, mar chuid de Thionscadal na hOidhreacht. Leis an tionscadal sin tógtar seaneastáit nach bhfuil críochnaithe nó i gcás nach bhfuil an forbróir gníomhach a thuilleadh agus go bhfuil fabhtanna iontu fós, go caighdeán um thógáil i gcúram.
- Pléadh le méadú 40% ar Fhógraí Tosaithe, a bhí inchurtha i leith Uisce Éireann agus an Scéim um Tharscaoileadh Ranníocaíochtaí Forbartha, agus a ritheadh go dtí deireadh 2024.
-

2,884

Cigireacht um Rialú Tógála déanta



1,285

Cigireacht um Rialú Forbartha déanta



211

Teastas Rochtana Míchumais eisithe



19

nEastát Tithíochta Tógtha i gCúram





Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála

Seirbhísí Éigeandála

Pleanáil

Seirbhísí Éigeandála

Cuirtear Seirbhísí Éigeandála ar fáil ó sé cinn de Stáisiún Dóiteáin coinnithe atá suite go straitéiseach ar fud an chontae. Baintear úsáid as an bparaidím Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú sa rannóg Sábháilteachta Dóiteáin chun sábháilteacht dóiteáin a fheabhsú sa timpeallacht thógtha lena n-áirítear an rannóg Bainistíochta Éigeandála agus Tionscadal Speisialta a chomhordaíonn ullmhú i gcomhair bainistíochta éigeandála ar fud na comhairle.

Forbhreathnú ar 2024:

- Maynooth Fire Station: Construction of the new Stáisiún Dóiteáin Mhá Nuad: Cuireadh tús leis

an stáisiún dóiteáin nua a thógáil i Maigh Nuad i Meitheamh 2024. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i Meitheamh 2025.

- An Scéim um Réiteach Lochtanna Árasáin: Ghlac Seirbhís Dóiteáin Chill Dara páirt sa tionscadal "Pathfinder" chun nósanna imeachta agus prótacail oibre a bhunú le déileáil le hiarratais a ghlactar le haghaidh na scéime. Ceadaíodh leithdháileadh nua foirne don scéim seo.
- Comhaontú WRC na gComhraiceoirí Dóiteáin: D'oibrigh Seirbhís Dóiteáin Chill Dara i rith 2024 chun comhlíonadh a bhaint amach le téarmaí Chomhaontú 2023 na gComhraiceoirí Dóiteáin agus an WRC. Agus an tuarascáil á scríobh, tá 2 fholúntas ar fud na seirbhíse, agus 70 de na 72 post líonta sa tseirbhís dóiteáin choinnithe. Tá struchtúir nua foirne i bhfeidhm agus gach post lena mbaineann ardú céime líonta.



Seirbhísí Éigeandála

Fuarthas **354**
iarratas ar Theastas Sábháilteachta
Dóiteáin, is ionann sin agus méadú
76% thar na cúig bliana seo caite
(2020 – 2024)



129
Cigireacht déanta ar 104
foirgneamh nó áitreabh



2349
Slógadh foirne dóiteáin,
a chiallaíonn gurbh
í 2024 an bhliain ba
ghnóthaí riamh do
Sheirbhís Dóiteáin Chill
Dara




D'fhreagair
stáisiúin dóiteáin
do

1804
teagmhas



Thug comhraiceoirí dóiteáin as
gach scil agus disciplín faoi

6500
uair an chloig d'oiliúint.



Iompar, Soghluaisteacht & Spásanna Oscailte







**Iompar, Soghluaisteacht
& Spásanna Oscailte**

Iompar

Iompar & Soghluaisteacht

Tá an stiúrthóireacht freagrach as breis is 2,500 cilliméadair de bhóithre i gContae Chill Dara, agus forbraíonn, cothabháilann agus bainistíonn sí líonra bóithre an chontae ar mhaithe le leas coisithe, rothaithe agus tiománaithe mar aon le feithiclí seirbhíse poiblí agus tráchtála. Déantar mórthionscadail bonneagair chaipitil a bhainistiú agus a sheachadadh le maoiniú bliantúil a chuireann Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí gaolmhara ar fáil, agus le maoiniú díreach ó Chomhairle Contae Chill Dara.

Leis an bhfórsa oibre a chuimsíonn idir fhoireann theicniúil agus riaracháin, cinntítear sábháilteacht feithiclí agus úsáideoirí leochaileacha bóithre trí

chóras fairsing um bainistíocht tráchtála agus líonra trasrianta coisithe a chur ar fáil.

Lean an Rannóg Iompair Inbhuanaithe ar aghaidh ag soláthar beart um thaisteal gníomhach agus shábháilteacht ar bhóithre in 2024, agus ag tacú le tionscnaimh lena gcuirtear an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí chun cinn.

Forbhreathnú ar 2024:

Clós Innealra agus Scioból Salainn Réigiúnach

Tháinig an Clós Innealra nua agus an Scioból Salainn Réigiúnach i bhfeidhm in 2024, agus aistríodh oibríochtaí ón Droichead Nua i mí Bealtaine. Cuireadh tús le salann geimhridh a leagan ón scioból salainn nua ag deireadh 2024.

Íomhá ar barr: Oscailt Oifigiúil, Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Chill Chuillinn



Scioból Salainn Réigiúnach



Clós Innealra agus Scioból Salainn Réigiúnach

Oibríochtaí

Chríochnaigh na hOifigí Ceantair Bhardasaigh cóiriú dromchla agus athchóiriú bóithre ar 158 ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha in 2024. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta i 12 ionad ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla agus cuireadh bearta um athléimneacht aeráide i bhfeidhm i dtrí ionad.

Deisiúcháin Droichid

Aithníodh go raibh gá le hoibreacha tosaíochta um athnuachan agus chothabháil ar ocht ndroichead, críochnaíodh na hoibreacha sin i rith na bliana agus rinneadh oibreacha éigeandála i roinnt ionad.

Tardroichead Laighean, Na Solláin, Co. Chill Dara



An Rannóg Iompair Inbhuanaithe

In 2024 tarraingíodh síos an méid ba mhó go dtí seo de mhaoiniú don Taisteal Gníomhach ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), ba é sin €10.5M. Rinneadh dul chun cinn le 35 scéim, agus leantar de bheith ag dearadh agus seachadadh bealaí rothaíochta agus tionscadail taistil ghníomhaigh um ghlasbhealaí ar fud an chontae. D'éascaigh Comhairle Contae Chill Dara suiteáil bhonneagar nua stadanna bus, scáthláin ina measc, ar fud an chontae chun tacú leis na seirbhísí méadaithe Nasc Áitiúil agus le bealaí eile a oibríonn an tSeirbhís Phoiblí.

Tógáil Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh

Críochnaíodh Cuid 1 de Ghlasbhealach na Canála Ríoga idir Maigh Nuad agus Léim an Bhradáin in 2023 agus leanadh ar aghaidh le hobair i rith 2024 agus an tionscadal sceidealaithe le críochnú i lár 2025. Osclaíodh an Scéim Taistil Ghníomhaigh ar Bhóthar Chill Chuillinn sa Nás i rith na bliana.

Bóthar Chill Chuillinn, An Nás

Iompar

Phléigh an Rannóg Iompair le

4,132

fiosrú Cúram Custaiméara



Próiseáladh

386

iarratas ar Ualach Neamhghnách



101

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil faofa




50

Comhairliúchán Poiblí reáchtáilte



Próiseáladh **85** Dhúnadh Sealadach Bóthair





**Iompar, Soghluaisteacht
& Spásanna Oscailte**

Páirceanna agus Spásanna Oscailte

Páirceanna agus Spásanna Oscailte

Tá an Rannóg Páirceanna freagrach as seirbhís tírdhreachaithe Chomhairle Contae Chill Dara a sholáthar i gContae Chill Dara. Cuimsítear le sainchúram na rannóige raon éagsúil gníomhaíochtaí, lena n-áirítear áiseanna caitheamh aimsire agus taitneamhachta a dhearadh, a sholáthar agus a chothabháil ar fud an chontae.

Forbhreathnú ar 2024:

Clós Súgartha Fhiodh Alúine

Osclaíodh é i Meitheamh 2024 agus cuimsíonn sé clós súgartha, ceantar cluichí ilúsáide agus pumpraon.

Garraí Choillearnach DeBurgh

Osclaíodh don phobal é i Meitheamh 2024.

Ceantar Súgartha Nádúrtha Dhroichead Nua

Críochnaithe agus oscailte i mí na Samhna, agus é ag cuimsiú gnéithe nádúrtha agus trealamh súgartha le haghaidh leanaí chun spás súgartha breise a chur ar fáil sa Droichead Nua.

Íomhá ar barr: Coillte De Burgh



Oscailt Oifigiúil Chlós Súgartha Fhiodh Alúine

Páirc Bhaile Chairdíf


Oscailte don phobal i mí Dheireadh Fómhair, agus é ag cuimsiú faichí uile-aimsire, bealaí siúil agus clós súgartha.

Talamh Áise na Sollán


Tugadh faoin deardadh sonrach do chéad chéim na n-oibreacha, agus dámhadh Deontas Bonneagair Spóirt ar Scála Mór de €3m chun cabhrú leis an bpáirc a sheachadadh.

Páirceanna agus Spásanna Oscailte

Tugadh faoi **30** tionscadal ar fud an chontae chun dul ar aghaidh le seachadadh áiseanna nua i gCill Dara. Áirítear leo siúd páirceanna nua, clóis súgartha agus tionscadail tírdhreachaithe eile



Rinneadh **30** babhta d'oibreacha oibriúcháin lenar áiríodh cothabháil féir agus oibreacha crainn ar fud an chontae chun páirceanna agus spásanna oscailte reatha a chothabháil agus a bhainistiú



Tugadh freagra ar


1101
CRM in 2024



Caitheadh

€80,000

ar chrainn agus fhálta sceach nua a chur ar fud an chontae



Rinneadh oibreacha ar thart ar

4000 crann, prúnáil agus baint crann san áireamh

156

Heicteár de cheantair féir á gcothabháil ar fud an chontae




60

Heicteár faoi réir lomtha laghdaithe nó cothabhála ar mhóinéir bláthanna fiáine

Caitheadh

€322,000


ar chothabháil ar 32 chlós súgartha, 14 lonad Aclaíochta Lasmuigh agus 3 pháirc scátála ar fud an chontae



Caitheadh

€650,500

ar chothabháil Páirceanna agus Spásanna Oscailte sa chontae



Ceantar Súgartha Nádúrtha
Dhroichead Nua

Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht & Rialachas







**Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha,
Nuálaíocht & Rialachas**

Teicneolaíocht Faisnéise

Digital Services

Tá seirbhísí digiteacha ríthábhachtach d'éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár n-eagraíochta. Leanaimid orainn de bheith ag uasghrádú ár mbonneagar teicneolaíochta, ag cur i bhfeidhm tairseach agus feidhmchlár nua agus ag feabhsú ár nascachta soghluaiste agus Wi-Fi. In 2024, chuireamar Tairseach Comhaltáí nua i bhfeidhm agus d'fhorbair muid feidhmchlár 'londuchtúcháin' le haghaidh fostaithe nua. Freisin, sholáthair muid Céim 2 den aip 'Geo Collect' a bhfuil cumais uathoibríthe agus tuairiscithe nua ag gabháil leis.

Bhaineamar amach scór 94% ar scórchlár Cibearshlándála na GBRÁ (LGMA). Ina theannta sin, d'fhorbair muid trí cinn déag d'fheidhmchláir nua um chigireachtaí comhshaoil agus bhaineamar amach scór 95% do láithreán gréasáin na Comhairle ar an innéacs inrochtaineachta gréasáin de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais.


Forbhreathnú ar 2024:

- Rinneadh uasghrádú agus caighdeánú ar gach printéir ilfheidhmeach (PIF) ar fud na heagraíochta, agus úsáid iomlán á baint anois as 70 PIF.

- Cuireadh an tairseach nua do Chomhaltáí i bhfeidhm go rathúil.
- Forbraíodh iarratas nua 'londuchtaithe' chun fostóirí nua a bhainistiú ó chéim na tairisceana go dtí a ndáta tosaithe.
- Rinneadh Céim 2 den aip 'Geo Collect' a sheachadadh, lena mbaineann cumais nua uathoibríthe agus tuairiscithe.
- Feabhsaíodh athléimneacht ar nascacht shoghluaiste, Wi-Fi, gan sreang, ar fud na heagraíochta.



HP Colour LaserJet E87750/70 caighdeánach nua



Tairseach do Chomhaltai

Information Technology

Osclaíodh/cruthaíodh

13,670


glao in 2024 ar an deasc cabhrach TF



Baineadh amach meánscore

95%

ar innéacs inrochtaineachta gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais le haghaidh shuíomh gréasáin na Comhairle



Baineadh amach

94%

scór ar scórchlár Cibearshlándála an GBRÁ (LGMA)



D'fhorbair GIS

trí cinn déag


d'aipeanna nua um chigireachtaí comhshaoil



D'fhorbair an fhoireann

8

Aipeanna Gnó n-aip nua, m.sh. Aip XL Bully, Aip um Bhannaí Rialaithe Forbartha, Tairseach Soláthair.





Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha,
Nuálaíocht & Rialachas

Nuálaíocht

Nuálaíocht

Tá an nuálaíocht ag croílár fhorás ár n-eagraíochta. Leanaimid orainn de bheith ag leathnú ár gcuid clár, ag tabhairt faoi sheisiúin oiliúna éagsúla agus ag soláthar tionscadal nuálach. In 2024, d'óstáil muid ár gcéad Haiceatón i gcomhpháirt leis an Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide, Mol Teicneolaíoch Merits, comhpháirtithe ollscoile, le fiontair agus fiontraithe áitiúla. D'fhorbair muid feidhmchláir nua amhail MyCoCo chun an t-eispéireas a fheabhsú don fhoireann agus do shaoránaigh. Aithníodh ár gcuid iarrachtaí nuálaíochta trí dhámhachtainí éagsúla, lena n-áirítear gearrliosta um Tháirge Nuálaíochta Sonraí na Bliana a bhaint amach agus a bheith roghnaithe don Imeacht Dea-Chleachtais NOAC/CCMA.

Íomhá ar barr: Sonya Kavanagh, Príomhfheidhmeannach agus baill foirne a chríochnaigh Oiliúint Creasa Bhuí 'Lean Six Sigma' go rathúil lenar áiríodh tionscadail feabhsúcháin barainne ('Lean') a sheachadadh. Bealtaine 2024

Forbhreathnú ar 2024:

- Leanadh ar aghaidh ag fás ár gcláir 'Lean Six Sigma' do bhaill foirne, lenar díríodh ar ár gcuid próiseas agus seirbhísí a shruthlíniú agus a fheabhsú ar fud gach roinne.
- Ár ngealltanas a léiriú chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr agus an Phlean Gníomhaíochta chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh trí oiliúint Deartha a dhéanamh, Ráib Deartha a sheachadadh agus Clár um Smaoineamh ar Dhearadh a sheoladh do bhaill foirne.
- Ritheadh an chéad Haiceatón i gcomhar leis an Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an mol teicneolaíochta Merits, comhpháirtithe ollscoile, fiontair agus fiontraithe áitiúla agus an tAonad Sonraí Oscailte.
- Tacú le comhghleacaithe le haipeanna nua a sheachadadh lena n-áirítear MyCoCo, agus béim curtha ar eispéireas níos fearr a sholáthar do bhaill foirne agus do shaoránaigh.
- Tuilleadh aitheantais d'éachtaí Nuálaíochta na Comhairle, lena n-áirítear an gearrliosta a bhaint amach do Tháirge Nuálaíochta Sonraí na Bliana agus roghnaithe um Imeacht Dea-Chleachtais NOAC/CCMA.



Cruinniú Comhairliúcháin maidir leis an bPlean Corparáideach le Insync – Meán Fómhair 2024



Baill foirne a chríochnaigh Teastas Leibhéal 8 um Straitéis, Nuálaíocht & Cinnteoireacht le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Ceatharlach. Sa phictiúr anseo le Eoin O'Brien, Bainisteoir Foghlama Fadsaol, SETU. Meitheamh 2024

Nuálaíocht

8 dTionscadal feabhsúcháin nua 'Lean Six Sigma' idir lámha ar fud ár gcuid seirbhísí




Ghlac **38** ball foirne páirt in oiliúint nuálaíochta



Tacaíodh le **6** réiteach nua



16 Cheardlann lenar áiríodh Comhairliúcháin maidir le Plean Corparáideach & Ceardlanna maidir le Feabhsú




Próisis a raibh **138** duine rannpháirteach iontu

Leanadh ar aghaidh ag cur chun cinn ár "nGlaio ar Smaointe" go himmheánach agus tá

85%

de na 59 n-aighneacht tugtha chun críche nó idir lámha anois



Reachtáladh Ráib Dhearthra i mí Dheireadh Fómhair mar chuid den tSeachtain um Bunathrú na Seirbhíse Poiblí 2024



Lenár gClár agus ár dTionscnamh Nuálaíochta, léirítear ár ngealltanas leanúnach chun an chreata um Straitéis Bhunathraithe na hEarnála Poiblí lena n-áirítear Seirbhísí Poiblí Níos Fearr, Nuálaíocht a Chur i bhFeidhm agus Plean Gníomhaíochta chun ár Seirbhísí Poiblí a Dhearadh.



Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht & Rialachas

Airgeadas

Airgeadas

Tá príomhfhreagracht ar Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Chill Dara as raon feidhmeanna lena n-áirítear:


- Buiséid
- Bainistíocht & Tuairisciú Airgeadais
- Cuntasaíocht
- Íocaíochtaí
- Bailiú Ioncaim (lena n-áirítear rátaí, cíosanna agus iasachtaí titheochta)
- Bainistíocht Ciste

- Ranníocaíochtaí Forbartha a Bhailiú
- Mótarcháin

Forbhreathnú ar 2024:

